Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13364/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0414(COD)

CODEC 1795
SOC 646
EMPL 430
MI 792
DATAPROTECT 275
PE 212

## NÓTA FAISNÉISE

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa agus nós imeachta ceartúcháin<br>(Strasbourg, an 24 Aibreán 2024 agus Strasbourg, an 17 Meán Fómhair 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla i ndáil leis an nós imeachta comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad reachtach seo sa chéad léamh.

Measadh go rachadh an comhad sin[2] faoi réir an nós imeachta ceartúcháin[3] i bParlaimint na hEorpa tar éis do Pharlaimint na hEorpa a bhí ann roimhe seo an seasamh uaithi a ghlacadh sa chéad léamh.

1 IO C 145, 30.6.2007, lch.5.
2 10078/24.
3 Riail 251, Rialacha Nós Imeachta.

## II. VÓTAÍ

Ag an gcruinniú a bhí ag Parlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024, ghlac sí leasú 187 (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch) ar an togra ón gCoimisiún agus rún reachtach, arb é atá ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Léirítear ann an méid a comhaontaíodh go sealadach idir na hinstitiúidí roimhe sin.

An 17 Meán Fómhair 2024, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa ceartúchán ar an seasamh a glacadh ar an gcéad léamh.

Faoi chuimsiú an cheartúcháin sin, ba cheart don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn[4] a ghabhann leis seo, rud a thabharfadh an chéad léamh chun deiridh i gcás an dá institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón Pharlaimint na hEorpa.

---

[4] Leagtar amach téacs an cheartúcháin san Iarscríbhinn. Cuirtear i láthair mar théacs comhdhlúite é, agus léirítear athruithe ar an togra ón gCoimisiún i gcló trom iodálach. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**(17.9.2024)**

## P9_TA(2024)0330

## Feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin (COM(2021)0762 – C9-0454/2021 – 2021/0414(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0762),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (b), agus Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa(C9-0454/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 29 Meitheamh 2022[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 11 Márta 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0301/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

---

[1] IO C 290, 29.7.2022, lch. 95.
[2] IO C 375, 30.9.2022, lch. 45.

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0414**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (b), agus Airteagal 16(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

[1] IO C 290, 29.7.2022, lch. 95.
[2] IO C 375, 30.9.2022, lch. 45.
[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is iad aidhmeanna an Aontais, *inter alia*, folláine mhuintir an Aontais a chur chun cinn agus oibriú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa a bheidh bunaithe, *inter alia*, ar ***fhás eacnamaíoch cothrom agus ar*** gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus a bhfuil sé mar aidhm aige lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach.

(2) ***Déantar foráil in Airteagal 31 den Chairt*** um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'***)*** ▌ don cheart atá ag gach oibrí chun dálaí oibre lena n-urramaítear a shláinte, a shábháilteacht agus a dhínit. Le hAirteagal 27 den Chairt cosnaítear ceart na n-oibrithe chun faisnéise agus chun dul i gcomhairle laistigh den ghnóthas. Le hAirteagal 8 den Chairt, déantar foráil go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint. ***Le hAirteagal 12 den Chairt, déantar foráil go bhfuil ag gach duine an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais ar gach leibhéal.*** Le hAirteagal 16 den Chairt aithnítear an tsaoirse fiontraíochta***. Le hAirteagal 21 den Chairt, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú***.

(3) Foráiltear le Prionsabal Uimh. 5 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (‘an Colún’), a fógraíodh an 17 Samhain 2017 in Göteborg, gan beann ar an gcineál caidrimh fostaíochta atá ag oibrithe ná ar ré an chaidrimh sin, go bhfuil an ceart acu cóir chothrom agus chomhionann a fháil i dtaca le dálaí oibre, le rochtain ar chosaint shóisialta agus le hoiliúint; go n-áiritheofar i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le comhaontuithe comhchoiteanna an tsolúbthacht is gá d’fhostóirí chun dul in oiriúint go tapa d’athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch; ▌ go gcothófar cineálacha nuálacha oibre lena n-áirithítear dálaí oibre ardcháilíochta, go spreagfar an fhiontraíocht agus an fhéinfhostaíocht***;*** go n-éascófar an tsoghluaisteacht ***ghairmiúil; agus go bhfuil caidrimh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre neamhbhuana le cosc, lena n-áirítear trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a thoirmeasc. Foráiltear le Prionsabal Uimh. 7 den Cholún go bhfuil sé de cheart ag oibrithe faisnéis a fháil i scríbhinn ag tús na fostaíochta faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcaidreamh fostaíochta agus go bhfuil sé de cheart ag oibrithe, roimh aon dífhostú, go gcuirfí ar an eolas iad faoi na cúiseanna atá leis agus go dtabharfaí tréimhse réasúnta fógra dóibh agus an ceart chun rochtain a fháil ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus, i gcás dífhostú gan údar maith, go bhfuil an ceart chun sásaimh acu, lena n-áirítear cúiteamh leordhóthanach. Foráiltear le Prionsabal Uimh. 10 den Cholún go bhfuil an ceart ag oibrithe, inter alia, chun ardleibhéal cosanta a fháil dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair agus go bhfuil sé de cheart acu a gcuid sonraí pearsanta a chosaint i gcomhthéacs na fostaíochta. Ba dhíol sásaimh do rannpháirtithe Chruinniú*** Mullaigh Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021 an Plean Gníomhaíochta a ghabhann leis an ▌ gColún ▌.

(4) Leis an digiteáil, tá athrú ag teacht ar shaol na hoibre, tá feabhas á chur ar an táirgiúlacht agus ar an tsolúbthacht agus baineann rioscaí áirithe leis ó thaobh fostaíochta agus dálaí oibre de ag an am céanna. Leis na teicneolaíochtaí atá bunaithe ar algartaim, lena n-áirítear córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe, rinneadh teacht chun cinn agus fás na n-ardán saothair digiteach a chumasú***. Is féidir le cineálacha nua idirghníomhaíochta digití agus teicneolaíochtaí nua i saol na hoibre, má dhéantar iad a rialáil agus a chur chun feidhme go cuí, deiseanna rochtana ar phoist chuibhiúla ardcháilíochta a chruthú do dhaoine nach raibh an rochtain sin acu go traidisiúnta. Mar sin féin, mura ndéantar iad a rialáil, féadfaidh faireachas cumasaithe ag an teicneolaíocht a bheith mar thoradh orthu freisin, féadfaidh siad míchothromaíochtaí cumhachta agus doiléire maidir le cinnteoireacht a mhéadú, agus rioscaí a chruthú do dhálaí oibre cuibhiúla, do shláinte agus sábháilteacht ag an obair, do chóir chomhionann agus don cheart chun príobháideachais***.

(5) Is daoine aonair a dhéanann obair ardáin trí bhonneagar digiteach na n-ardán saothair digiteach a chuireann seirbhís ar fáil dá gcustaiméirí. ***Déantar obair ardáin i raon leathan réimsí agus is saintréith dí ardleibhéal ilchineálachta a bheith sna cineálacha ardáin saothair dhigitigh, sna hearnálacha a chumhdaítear agus sna gníomhaíochtaí a dhéantar agus i bpróifílí na ndaoine aonair a dhéanann obair ardáin.*** Trí bhíthin na n***-algartam, eagraíonn*** na hardáin saothair ***digiteacha*** a bheag nó a mhór,– ag brath ar a samhail ghnó, ar fheidhmiú na hoibre, ar luach saothair na hoibre agus ar an gcaidreamh idir a gcustaiméirí agus na daoine a dhéanann an obair. Is féidir obair ardáin a dhéanamh ar líne trí uirlisí leictreonacha amháin (obair ardáin ar líne) nó ar dhóigh hibrideach ina gcomhcheanglaítear próiseas cumarsáide ar líne le gníomhaíocht ina dhiaidh sin sa domhan fisiciúil (obair ardáin ar an láthair). Is gníomhaithe gnó idirnáisiúnta iad go leor de na hardáin saothair ***digiteacha*** atá ann cheana a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí agus a úsáideann samhlacha gnó i roinnt Ballstát nó thar theorainneacha.

(6) Is féidir le hobair ardáin deiseanna a chur ar fáil chun rochtain a fháil ar an margadh saothair ar bhealach níos éasca, ina ngnóthaítear ioncam breise trí ghníomhaíocht thánaisteach nó roinnt solúbthachta i ndáil le heagrú ama oibre. ***Ag an am céanna, tá post eile nó foinse eile ioncaim ag formhór na ndaoine a dhéanann obair ardáin agus is gnách go mbíonn siad ar phá íseal. Thairis sin, tá an obair ardáin ag athrú go tapa, rud a fhágann go mbíonn samhlacha nua gnó agus cineálacha nua fostaíochta ann nach gcumhdaítear leis an gcosaint uaireanta ó na córais chosanta atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach coimircí leordhóthanacha a chur leis an bpróiseas sin do dhaoine a dhéanann obair ardáin, gan beann ar chineál an chaidrimh chonarthaigh. Go háirithe, is féidir dothuarthacht uaireanta oibre a bheith ag baint le hobair ardáin agus is féidir léi*** na teorainneacha a dhoiléiriú idir an caidreamh fostaíochta agus gníomhaíocht féinfhostaíochta agus idir freagrachtaí na bhfostóirí agus na n-oibrithe. Bíonn iarmhairtí ag mí-aicmiú an stádais fostaíochta do na daoine a ndéantar difear dóibh, toisc gur dócha go gcuirfidh sé srian le rochtain ar chearta saothair agus sóisialta atá ann cheana. Fágann sé freisin go mbíonn éagothroime iomaíochta ann maidir le gnólachtaí a dhéanann a gcuid oibrithe a aicmiú i gceart, agus tá impleachtaí aige sin do chórais ***caidrimh*** thionsclaíoch na mBallstát, dá mbonn cánach agus do chumhdach agus d'inbhuanaitheacht a gcóras cosanta sóisialta. Cé go bhfuil na dúshláin sin níos ginearálta ná obair ardáin, tá siad thar a bheith géar agus práinneach i ngeilleagar na n-ardán.

(7) Léiríodh i gcásanna cúirte i roinnt Ballstát go bhfuil mí-aicmiú leanúnach ann maidir le stádas fostaíochta i gcineálacha áirithe d'obair ardáin, go háirithe in earnálacha ina bhfuil leibhéal áirithe ***treoraithe agus*** smachta ag ardáin saothair ***digiteacha***. Cé gur minic a aicmíonn ardáin saothair dhigiteacha na daoine a oibríonn tríothu mar fhéinfhostaithe nó mar 'chonraitheoirí neamhspleácha', chinn roinnt mhaith cúirteanna go ndéanann na hardáin na daoine sin a threorú agus a rialú *de facto*, agus go minic go ndéanann siad iad a chomhtháthú ina bpríomhghníomhaíochtaí gnó**.** Dá bhrí sin, rinne na cúirteanna sin daoine atá in ainm a bheith ina ndaoine féinfhostaithe a athaicmiú mar oibrithe atá fostaithe ag na hardáin.

(8) Diaidh ar ndiaidh cuirtear córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe a chumhachtaítear le halgartaim in ionad feidhmeanna a bhíonn ag bainisteoirí i ngnólachtaí, ***mar shampla*** cúraimí a shannadh***, sannacháin aonair a phraghsáil, sceidil oibre a chinneadh***, treoracha a thabhairt, meastóireacht ar an obair a dhéantar, dreasachtaí a chur ar fáil nó cóir dhíobhálach a chur i bhfeidhm. Úsáideann ardáin saothair dhigiteacha, ***go háirithe,*** córais algartamacha ***mar*** sin mar bhealach caighdeánach chun obair ardáin a eagrú agus a bhainistiú trína mbonneagar.

Is minic nach mbíonn faisnéis ar fáil do dhaoine a dhéanann obair ardáin atá faoi réir bainistithe algartamach den sórt sin, maidir leis an gcaoi a n-oibríonn na halgartaim, cé na sonraí pearsanta atá á n-úsáid ná an tionchar a bhíonn ag iompar na ndaoine sin ar chinntí a dhéantar le córais uathoibrithe. Thairis sin, ní bhíonn rochtain ag ionadaithe na n-oibrithe***, ag ionadaithe eile na ndaoine a dhéanann obair ardáin,*** ná ag cigireachtaí saothair ***ná ag údaráis inniúla eile*** ar fhaisnéis den sórt sin. Thairis sin, is minic nach mbíonn daoine a dhéanann obair ardáin ar an eolas faoi na cúiseanna a bhíonn le cinntí a dhéantar nó a dtacaítear leo le córais uathoibrithe agus nach mbíonn an deis acu ***míniú ar na cinntí sin a fháil,*** na cinntí sin a phlé le duine teagmhála daonna  agóid a dhéanamh i gcoinne na cinntí sin ***ná ceartúchán a lorg nó, i gcás inarb ábhartha, sásamh a lorg***.

(9) Nuair a oibríonn ardáin i roinnt Ballstát nó thar theorainneacha, is minic nach léir cén áit a ndéantar an obair ardáin agus cé a dhéanann an obair sin***, go háirithe a mhéid a bhaineann le hobair ardáin ar líne.*** Ina theannta sin, ní bhíonn rochtain éasca ag na húdaráis ábhartha náisiúnta ar shonraí maidir le hardáin saothair dhigiteacha, lena n-áirítear an líon daoine a dhéanann obair ardáin, a stádas fostaíochta agus a ndálaí oibre. ***Fágann sé*** sin ***gur*** casta forfheidhmiú na rialacha is infheidhme.

(10) Le corpas ionstraimí dlí déantar foráil maidir le híoschaighdeáin i dtaca le dálaí oibre agus cearta saothair ar fud an Aontais. Áirítear leis sin, go háirithe, Treoracha 2003/88/CE[4], 2008/104/CE[5] agus (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus ionstraimí sonracha eile a bhaineann le gnéithe amhail sláinte agus sábháilteacht ag an obair, oibrithe toircheasacha, cothromaíocht oibre is saoil, obair ar théarma seasta, obair pháirtaimseartha, agus oibrithe a phostú***. Ina theannta sin, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an 'Chúirt Bhreithiúnais') rialú***[7] ***go bhfuiltear le meas gur am oibre é an t-am 'ar fuireachas' a bhfuil srian suntasach ar dheiseanna an oibrí gníomhaíochtaí eile a dhéanamh lena linn. Le Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[8] ***bunaítear creat ginearálta lena leagtar amach na híoscheanglais maidir leis an gceart chun faisnéise, atá ag fostaithe, agus an ceart chun dul i gcomhairle leo, i ngnóthais nó i mbunaíochtaí laistigh den Aontas***.

(11) I Moladh ón gComhairle ***an 8 Samhain 2019*** maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[9], moltar do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun cumhdach foirmiúil agus éifeachtach, agus leordhóthanacht agus trédhearcacht na scéimeanna cosanta sóisialta a áirithiú do gach oibrí agus do gach duine féinfhostaithe.

---

**4** Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 bhaineann le gnéithe áirithe i ndáil le heagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).

**5** Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

**6** Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).

**7** ***Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Feabhra 2018***, *Ville de Nivelles v Rudy Matzak*, ***C-518/15, ECLI:AE:C:2018:82***, ***breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 9 Márta 2021,*** RJ v Stadt Offenbach am Main***, C-580/19, ECLI:EU:C:2021:183; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 9 Márta 2021,*** D.J. v Radiotelevizija Slovenija***, C-344/19, ECLI:EU:C:2021:182***.

**8** Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta maidir le fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).

**9** IO C 387, 15.11.2019, lch. 1.

(12) Le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] áirithítear go gcosnaítear daoine nádúrtha i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus go háirithe cuireann sé cearta agus oibleagáidí áirithe ar fáil mar aon le coimircí i dtaca le próiseáil ar shonraí pearsanta a bheith dleathach, cothrom agus trédhearcach, lena n-airítear maidir le cinnteoireacht aonair uathoibrithe.

***(13)*** Déanann Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn '***d'úsáideoirí*** gnó' a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála a chuireann oibreoirí ardán ar líne ar fáil.

(***14***) Cé go bhforáiltear le gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann cheana maidir le coimircí ginearálta áirithe, tá gá le roinnt beart sonrach breise chun dul i ngleic leis na dúshláin san obair ardáin. Chun forbairt na hoibre ardáin a dhíriú go leordhóthanach ar bhealach inbhuanaithe, is gá don Aontas ***íoschearta d'oibrithe ardáin agus rialacha chun feabhas a chur ar chosaint sonraí pearsanta daoine a dhéanann obair ardáin*** a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ba cheart ***bearta a thabhairt isteach lena n-éascófar stádas ceart fostaíochta na ndaoine a dhéanann obair ardáin san Aontas a chinneadh, agus ba cheart trédhearcacht maidir le hobair ardáin a fheabhsú, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann. Ina theannta sin, ba cheart cearta a chur ar*** fáil do dhaoine a dhéanann obair ardáin arb é is aidhm dóibh trédhearcacht, cothroime, formhaoirseacht dhaonna, sábháilteacht agus cuntasacht a chur chun cinn***. Ba cheart na cearta sin a sholáthar freisin ar oibrithe a chosaint agus ar dhálaí oibre i mbainistiú*** algartamach a fheabhsú, lena n-áirítear ***cómhargáil a fheidhmiú***. Ba cheart é sin a dhéanamh d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú ***agus ag díriú ar chothrom*** na Féinne a ***bhaint amach*** idir ardáin saothair dhigiteacha agus soláthraithe seirbhísí as líne agus chun tacú le fás inbhuanaithe na n-ardán ***saothair*** digiteach san Aontas.

---

**10** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**11** Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

***(15***) Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***(CFAE),*** maidir le dálaí oibre a fheabhsú san obair ardáin. Ní raibh aon chomhaontú ann i measc na gcomhpháirtithe sóisialta i dtaobh dul i mbun caibidlíochta maidir leis na hábhair sin. Tá sé tábhachtach***,*** áfach***,*** gníomhú sa réimse sin ar leibhéal an Aontais tríd an ***gcreat*** dlíthiúil reatha a oiriúnú ***d'obair*** ardáin atá ag teacht chun cinn, ***lena n-áirítear maidir leis an úsáid a bhaintear as córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe***.

Ina theannta sin, bhí malartuithe fairsinge ag an gCoimisiún le geallsealbhóirí ábhartha, lena n**-**áirítear ardáin saothair dhigiteacha, comhlachais daoine a dhéanann obair ardáin, saineolaithe ón saol acadúil, ó na Ballstáit agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta.

***(16) Is é is aidhm don Treoir seo dálaí oibre na n-oibrithe ardáin a fheabhsú agus sonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin a chosaint. Tá an dá chuspóir á saothrú go comhuaineach agus, cé go n-atreisíonn siad a chéile agus go bhfuil nasc doscartha eatarthu, ní tánaisteach é ceann amháin le hais an chinn eile. Maidir le hAirteagal 153(1), pointe (b), CFAE, leagtar amach sa Treoir seo rialacha darb aidhm tacú le stádas ceart fostaíochta na ndaoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh agus dálaí oibre agus trédhearcacht na hoibre ardáin a fheabhsú, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, chomh maith le cosaint oibrithe i gcomhthéacs bainistiú algartamach. Maidir le hAirteagal 16 CFAE, bunaítear leis an Treoir seo rialacha chun feabhas a chur ar chosaint daoine a dhéanann obair ardáin maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil trí thrédhearcacht, cothroime, formhaoirseacht dhaonna, sábháilteacht agus cuntasacht na nósanna imeachta bainistithe algartamaí ábhartha in obair ardáin a mhéadú.***

***(17***) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le daoine a dhéanann obair ardáin san Aontas ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta nó go ***meastar*** ar bhonn measúnú ar na fíorais go bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí ***na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.*** Na forálacha maidir le bainistiú algartamach a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le daoine eile a dhéanann obair ardáin nach bhfuil ***conradh fostaíochta ná*** caidreamh fostaíochta acu.

(***18***) Ba cheart***, leis*** an Treoir seo***, rialacha éigeantacha a bhunú a bheidh infheidhme*** maidir leis na hardáin saothair dhigiteacha uile, gan beann ar a n-áit bhunaíochta nó ar an dlí is infheidhme ar shlí eile, ar choinníoll gur san Aontas a dhéantar an obair ardáin a eagraítear tríd an ardán saothair digiteach sin.

(***19***) Tá ardáin saothair dhigiteacha difriúil le hardáin eile ar líne sa mhéid is go n-***úsáideann*** siad ***córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe chun*** obair ***a eagrú*** a dhéanann daoine aonair arna iarraidh sin, iarraidh aonuaire nó iarraidh rialta a dhéanann faighteoir na seirbhíse a chuireann an t-***ardán ar fáil. Próiseálann córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe sonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin agus a dhéanann cinntí a dhéanann difear, i measc nithe eile, do dhálaí oibre nó a thacaíonn leo. Fágann na gnéithe sin gur foirm ar leith é ardáin saothair dhigiteacha chun an soláthar seirbhíse ag gairmithe a eagrú i gcomparáid le cineálacha níos traidisiúnta soláthair seirbhíse a eagrú, cosúil le foirmeacha traidisiúnta glaoite turais nó seoladh seirbhísí iompair. Ina theannta sin, tá an chastacht mhéadaithe in eagrú struchtúrach na n-ardán saothair digiteach fite fuaite lena n-éabhlóid thapa, rud a chruthaíonn go minic córais a bhfuil geoiméadracht athraitheach acu in eagrú na hoibre. Mar shampla, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina soláthraíonn ardáin saothair dhigiteacha seirbhís arb é a fhaighteoir an t-ardán saothair digiteach féin nó eintiteas gnó ar leith laistigh den ghrúpa céanna gnóthas, nó cásanna ina n-eagraíonn siad obair ar bhealach a dhéanann doiléir na patrúin thraidisiúnta a aithnítear go hiondúil sna córais um sholáthar seirbhísí.***

***D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gcás ardán micreaoibre nó slua-oibre, ar cineál ardáin saothair dhigitigh ar líne iad a thugann rochtain do ghnólachtaí agus do chliaint eile ar lucht saothair mór solúbtha chun cúraimí beaga a chur i gcrích ar féidir iad a dhéanamh go cianda trí úsáid a bhaint as nasc ríomhaireachta agus idirlín, cosúil le clibeáil. Déantar cúraimí a dheighilt agus a dháileadh ar líon mór daoine aonair (an slua) ar féidir leo iad a chomhlánú go haisioncronach.***

***(20) Agus an obair a dhéanann daoine aonair á heagrú ba cheart ról suntasach ar a laghad a thabhairt maidir leis an éileamh ar sheirbhís a mheaitseáil le soláthar na hoibre a dhéanann an duine aonair a bhfuil caidreamh conarthach aige leis an ardán saothair digiteach nó le hidirghabhálaí, gan beann ar a ainmniú foirmiúil ag na páirtithe ná a chineál, agus atá ar fáil chun cúram sonrach a dhéanamh. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí eile a chuimsiú in eagrú na hoibre sin, mar shampla íocaíochtaí a phróiseáil, a bheith san áireamh leis sin. Ardáin ar líne nach n-eagraíonn an obair a dhéanann daoine aonair ach nach soláthraíonn ach na modhanna trínar féidir le soláthraithe seirbhísí dul i dteagmháil leis an úsáideoir deiridh, gan aon rannpháirtíocht bhreise ón ardán, mar shampla trí thairiscintí nó iarrataí ar sheirbhísí a fhógairt nó trí sholáthraithe seirbhíse atá ar fáil i réimse áirithe a chomhiomlánú, níor cheart iad a mheas mar ardáin saothair dhigiteacha.***

*An sainmhíniú ar ardáin saothair dhigiteacha, níor cheart soláthraithe seirbhíse a áireamh ann arb é is príomhchuspóir dóibh sócmhainní a shaothrú nó a roinnt, amhail cóiríocht a fháil ar cíos go gearrthéarmach, nó ardáin trínar féidir le daoine aonair nach gairmithe iad earraí a athdhíol, ná níor cheart iad siúd a eagraíonn gníomhaíochtaí oibrithe deonacha a áireamh ann ach oiread. Ba cheart don sainmhíniú a bheith teoranta do sholáthraithe seirbhíse a bhfuil eagrú na hoibre a dhéanann an duine aonair, mar shampla daoine nó earraí a iompar nó glanadh, ina cuid riachtanach agus go bhfuil gá leis an obair agus nach mionghné agus gné choimhdeach amháin é.*

*(21) Tá éagsúlachtaí ann ar fud na mBallstát i dtaca le socruithe agus próisis maidir le hionadaíocht oibrithe, éagsúlachtaí a léiríonn a stair, a n-institiúidí agus a staideanna eacnamaíocha agus polaitiúla faoi seach. I measc na gcoinníollacha cumasúcháin le haghaidh idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil, tá ceardchumainn láidre neamhspleácha agus eagraíochtaí fostóirí ag a bhfuil rochtain ar fhaisnéis ábhartha is gá chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta agus urraim do chearta bunúsacha na saoirse comhlachais agus na cómhargála.*

*(22) De réir Choinbhinsiún Uimh. 135 (1971) d'Ionadaithe Oibrithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, arna dhaingniú faoi láthair ag 24 Bhallstát, is féidir le hionadaithe oibrithe a bheith ina ndaoine a aithnítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta nó faoin gcleachtas náisiúnta, bíodh siad ina n-ionadaithe ceardchumainn, eadhon, ionadaithe arna n-ainmniú nó arna dtoghadh ag ceardchumainn nó ag comhaltaí de na ceardchumainn sin; nó ionadaithe tofa, is é sin ionadaithe a rinne oibrithe an ghnóthais a thoghadh faoi shaoirse i gcomhréir le forálacha na ndlíthe náisiúnta nó na rialachán náisiúnta nó forálacha comhaontuithe comhchoiteanna agus nach n-áirítear ina bhfeidhmeanna gníomhaíochtaí a aithnítear mar shaincheart eisiach na gceardchumann sa tír lena mbaineann. Luaitear sa Choinbhinsiún sin, i gcás ionadaithe ceardchumainn agus ionadaithe tofa a bheith ann san aon ghnóthas amháin, nach bhfuil an ionadaíocht sin le húsáid chun an bonn a bhaint de sheasaimh na gceardchumann lena mbaineann ná de sheasaimh a n-ionadaithe, agus gur cheart comhar a spreagadh idir na hionadaithe tofa agus na ceardchumainn lena mbaineann nó ionadaithe na gceardchumann sin.*

*(23) Tá Coinbhinsiún Uimh. 98 (1949) EIS maidir le Ceart Eagrúcháin agus Cómhargála daingnithe ag na Ballstáit, lena bhforáiltear gur mheastar gur gníomhartha cur isteach iad gníomhartha arna n-ainmniú chun bunú eagraíochtaí oibrithe a chur chun cinn faoi cheannas fostóirí nó eagraíochtaí fostóirí, nó chun tacú le heagraíochtaí oibrithe ar mhodhanna airgeadais nó ar mhodhanna eile, agus é mar chuspóir eagraíochtaí mar sin a chur faoi rialú fostóirí nó eagraíochtaí fostóirí, ar gníomhartha cur isteach iad nach mór do Bhallstáit shínitheacha EIS eagraíochtaí oibrithe a chosaint ina gcoinne. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar na gníomhartha sin chun a áirithiú, agus socruithe praiticiúla le haghaidh faisnéise agus comhairliúcháin de bhun na Treorach seo á sainiú nó á gcur chun feidhme, go n-oibríonn fostóirí agus ionadaithe na n-oibrithe de mheon an chomhair agus an aird chuí á tabhairt ar a gcearta agus a n-oibleagáidí cómhalartacha, agus leasanna an ghnóthais nó na bunaíochta agus leasanna na n-oibrithe araon á gcur san áireamh.*

***(24)*** ***I gcásanna áirithe, maidir le daoine a dhéanann obair ardáin, níl caidreamh conarthach díreach acu leis an ardán saothair digiteach, ach tá siad i gcaidreamh le hidirghabhálaí trína ndéanann siad obair ardáin. Mar thoradh ar an mbealach sin chun obair ardáin a eagrú, is minic a bhíonn raon leathan caidreamh ilpháirtí ann a bhíonn éagsúil agus casta, lena n-áirítear slabhraí fochonraitheoireachta, mar aon le freagrachtaí doiléire idir an t-ardán saothair digiteach agus na hidirghabhálaithe. Na daoine a dhéanann obair ardáin trí idirghabhálaithe, bíonn na rioscaí céanna rompu ó thaobh mhí-aicmiú a stádais fostaíochta de agus ó thaobh córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe de agus daoine a dhéanann obair ardáin go díreach don ardán saothair digiteach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a bhunú, chun a áirithiú, faoin Treoir seo, go bhfuil an leibhéal céanna cosanta ag daoine a dhéanann obair ardáin atá ag obair trí idirghabhálaithe agus atá ag daoine a dhéanann obair ardáin agus a bhfuil caidreamh conarthach díreach acu leis an ardán saothair digiteach. Ba cheart do na Ballstáit sásraí iomchuí a bhunú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chórais dliteanais chomhpháirteacha agus leithleacha.***

***(25)*** ***Chun féinfhostaíocht mar dhea*** san obair ardáin a chomhrac agus chun cinneadh maidir le stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin a éascú, ba cheart nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar mhí-aicmiú stádas fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin agus chun aghaidh a thabhairt air sin. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis na nósanna imeachta sin a fháil amach an ann do chaidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear é sa dlí náisiúnta, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh agus ***a áirithiú sa chaoi*** sin go ***mbainfidh oibrithe ardáin lántairbhe as na cearta fostaíocht céanna agus atá ag oibrithe eile i gcomhréir le dlí ábhartha*** an Aontais***,*** an dlí náisiúnta ***agus*** comhaontuithe comhchoiteanna***. Nuair a shuitear gurb ann do chaidreamh fostaíochta ar bhonn na bhfíorais***, ba cheart ***an páirtí nó na páirtithe atá freagrach as oibleagáidí an fhostóra a fheidhmiú*** a bheith ***le sainaithint go soiléir*** agus ***ba cheart dóibh oibleagáidí comhfhreagracha na bhfostóirí faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme in earnáil na gníomhaíochta a chomhlíonadh.***

***(26)*** ***I gcás ina bhfaightear amach gur fostóir é páirtí agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le bheith ina ghníomhaireacht oibre sealadaí i gcomhréir le Treoir 2008/104/CE, beidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Treoir sin.***

***(27***) Prionsabal thosaíocht na ***bhfíoras***, a chiallaíonn gur cheart gur leis na fíorais a bhaineann leis an obair iarbhír a dhéantar a fhionntar an ann do chaidreamh fostaíochta, lena n-áirítear an luach saothair as an obair**,** agus ní bunaithe ar an tuairisc a dhéanann na páirtithe ar an gcaidreamh, i gcomhréir le Moladh Uimh. ***198*** EIS maidir ***le Caidreamh*** Fostaíochta ***(2006),*** tá an prionsabal sin ábhartha go háirithe i gcás obair ardáin, ina ndéanann páirtí amháin na coinníollacha conarthacha a chinneadh go haontaobhach go minic.

***(28)*** ***Is bréagdhearbhú oibre í mí-úsáid stádas daoine féinfhostaithe ar an leibhéal náisiúnta nó i gcásanna trasteorann, agus is minic a bhaineann sé sin le hobair neamhdhearbhaithe. Tarlaíonn féinfhostaíocht mar dhea nuair a dhearbhaítear go bhfuil duine féinfhostaithe cé go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha is saintréithe de chaidreamh fostaíochta. Is minic a dhéantar dearbhú bréagach féinfhostaíochta chun oibleagáidí dlíthiúla nó fioscacha áirithe a sheachaint nó chun buntáiste iomaíoch a chruthú i gcomparáid le comhghnóthais atá géilliúil don dlí. I roinnt breithiúnais[12], rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfágann aicmiú 'duine féinfhostaithe' faoin dlí náisiúnta nach féidir***

---

12 ***Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 3 Iúil 1986, Deborah Lawrie-Blum v Land Baden-Württemberg, C-66/85, ECLI:EU:C:1986:284;***
***-13 Eanáir 2004***, *Debra Allonby v Accrington & Rossendale College, Education Lecturing Services, trading as Protocol Professional and Secretary of State for Education and Employment,* ***C-256/01, ECLI:EU:C:2004:18;***
***- 14 Deireadh Fómhair 2010, Union Syndicale Solidaires Isère v Premier ministre agus Eile, C-428/09, ECLI:EU:C:2010:612***;
***- 11 Samhain 2010,*** *Dita Danosa v LKB Līzings SIA****, C-232/09, ECLI:EU:C:2010:674;***
***- 4 Nollaig 2014, FNV Kunsten Informatie en Media v Staat der Nederlanden, C-413/13, ECLI:EU:C:2014:2411;***
***- 9 Iúil 2015, Ender Balkaya v Kiesel Abbruch- und Recycling Technik GmbH, C-229/14, ECLI:EU:C:2015:455; An 17 Samhain 2016, Betriebsrat der Ruhrlandklinik gGmbH v Ruhrlandklinik gGmbH, C-216/15, ECLI:EU:C:2016:883;***
***- 17 Samhain 2016, Betriebsrat der Ruhrlandklinik gGmbH v Ruhrlandklinik gGmbH, C-216/15, ECLI:EU:C:2016:883;***
***- 16 Iúil 2020, UX v Governo della Repubblica italiana, C-658/18, ECLI:EU:C:2020:572; agus ordú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 22 Aibreán 2020, B v Yodel Delivery Network Ltd, C- 692/19, ECLI:EU:C:2020:288.***

***an duine sin a aicmiú mar oibrí de réir bhrí dhlí an Aontais mura bhfuil ina neamhspleáchas ach neamhspleáchas teoiriciúil, lena ndéantar caidreamh fostaíochta a cheilt.***

***(29***) Agus cinneadh á dhéanamh maidir le stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin níor cheart go gcuirfí cosc ar fheabhas a chur ar dhálaí fíor-fhéinfhostaithe a dhéanann obair ardáin. ***Chun na críche sin, is treoir úsáideach í teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2022,*** ina ***bhfuil 'Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais maidir le comhaontuithe comhchoiteanna i dtaca le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair' agus ina léirítear, de réir an Choimisiúin, go bhfuil comhaontuithe comhchoiteanna idir daoine féinfhostaithe aonair agus ardáin saothair dhigiteacha a bhaineann le dálaí oibre lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101 CFAE. Tá sé ríthábhachtach le tabhairt isteach na gcomhaontuithe comhchoiteanna sin, áfach, nach mbainfear an bonn de na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir seo, go háirithe aicmiú ceart na ndaoine a dhéanann obair ardáin maidir lena stádas fostaíochta.***

*(30)* ***Is féidir foirmeacha éagsúla de treorú agus rialú a bheith ann i gcásanna nithiúla, ós rud é go bhfuil samhail gheilleagar na n-ardán ag síorathrú. Cuir i gcás, d'fhéadfadh an t-***ardán saothair digiteach ***treoir agus rialú a chur i bhfeidhm ní hamháin trí mhodhanna díreacha, ach trí bearta pionósacha nó cineálacha eile cóireála díobhálaí nó brú a chur i bhfeidhm freisin. I gcomhthéacs obair ardáin, is minic a bhíonn sé deacair do na daoine a dhéanann obair ardáin rochtain iomchuí a bheith acu ar na huirlisí agus ar an bhfaisnéis is gá chun cineál iarbhír a gcaidrimh chonarthaigh agus na cearta a eascraíonn as a dhearbhú os comhair údarás inniúil. Ina theannta sin, saintréith de bhainistiú na ndaoine a dhéanann obair ardáin trí chórais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe is ea an easpa trédhearcachta ón ardán saothair digiteach. I bhfianaise na ngnéithe sin d'obair ardáin buanaítear feiniméan na mí-aicmithe mar fhéinfhostaíocht bhréagach, rud a chuireann bac ar stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh agus ar an rochtain ar dhálaí maireachtála agus oibre cuibhiúla ag oibrithe ardáin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit*** bearta ***a leagan síos lena bhforáiltear d'éascú éifeachtach nós imeachta*** do dhaoine ***a dhéanann obair ardáin agus a stádas ceart fostaíochta á gcinneadh acu. Sa chomhthéacs sin, is ionstraim éifeachtach é toimhde dhlíthiúil maidir le caidreamh fostaíochta i bhfabhar na ndaoine a dhéanann obair ardáin, rud a chuireann go mór le feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre na n-oibrithe ardáin. Dá bhrí sin, ba cheart a thoimhdiú ó thaobh an dlí de gur caidreamh fostaíochta é caidreamh conarthach mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas*** atá ***i bhfeidhm sna Ballstáit agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh, ina n-aimsítear fíorais a léiríonn treorú agus rialú.***

*(31)* ***Ceanglaítear le toimhde dhlíthiúil éifeachtach go bhfágann an dlí náisiúnta go bhfuil sé éasca  agus éifeachtach do na daoine a dhéanann obair ardáin tairbhe a bhaint as an toimhde. Níor cheart na ceanglais faoin toimhde dhlíthiúil a bheith trom agus ba cheart dóibh deacrachtaí na ndaoine a dhéanann obair ardáin a éascú maidir le fianaise a sholáthar*** lena léirítear gurb ann do chaidreamh fostaíochta ***i gcás ina bhfuil éagothroime cumhachta vis á vis an t-ardán saothair digiteach. Is é cuspóir na toimhdean dlíthiúla aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an éagothroime cumhachta idir na daoine a dhéanann obair ardáin agus an t-ardán saothair digiteach agus í a chur ina ceart.***

***Ba cheart do na Ballstáit módúlachtaí na toimhdean dlíthiúla a leagan síos, ar choinníoll go n-áirithítear leis na módúlachtaí sin toimhde dhlíthiúil éifeachtach infhrisnéise maidir le fostaíocht a bhunú arb ionann é agus éascú nós imeachta chun tairbhe daoine a dhéanann obair ardáin, agus nach bhfuil sé d'éifeacht acu ualach na gceanglas ar dhaoine a dhéanann obair ardáin nó ar a n-ionadaithe, a mhéadú in imeachtaí lena gcinntear stádas ceart fostaíochta daoine den sórt sin. Níor cheart athaicmiú daoine a dhéanann obair ardáin a theacht go huathoibríoch mar thoradh ar chur i bhfeidhm na toimhdean dlíthiúla. I gcás ina bhféachann an t-ardán saothair digiteach leis an toimhde dhlíthiúil a fhrisnéis, ba cheart gur faoin ardán saothair digiteach a bheadh sé a chruthú nach caidreamh fostaíochta é an caidreamh conarthach atá i gceist mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh***.

***(32)*** ***I gcomhréir le cuspóir na Treorach seo dálaí oibre d'oibrithe ardáin a fheabhsú, tríd an gcinneadh maidir lena stádas ceart fostaíochta a éascú agus ar an gcaoi sin a áirithiú go bhfuil na cearta ábhartha a eascraíonn as dlí an Aontais, an dlí náisiúnta agus comhaontuithe comhchoiteanna á dteachtadh acu, ba cheart feidhm a bheith ag an toimhde dhlíthiúil i ngach imeacht riaracháin nó breithiúnach ábhartha ina bhfuil stádas fostaíochta an duine a dhéanann obair ardáin i gceist. Cé nach bhforchuirtear aon oibleagáid leis an Treoir seo ar na Ballstáit an toimhde dhlíthiúil a chur i bhfeidhm ar imeachtaí cánach, coiriúla nó slándála sóisialta, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an toimhde dhlithiúil i bhfeidhm go héifeachtach i ngach Ballstát, de bhun na Treorach seo. Go háirithe, níor cheart rud ar bith a bheith sa Treoir seo a chuirfeadh cosc ar na Ballstáit, mar ábhar dlí náisiúnta, an toimhde dhlíthiúil sin a chur i bhfeidhm in imeachtaí cánach, coiriúla nó slándála sóisialta nó in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha eile nó cosc a chur orthu torthaí imeachtaí a aithint inar cuireadh an toimhde dhlíthiúil i bhfeidhm chun cearta a sholáthar d'oibrithe athaicmithe faoi réimsí eile dlí.***

(***33***) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart aon éifeachtaí dlíthiúla cúlghabhálacha a bheith ag an toimhde dhlíthiúil agus***, dá bhrí sin,*** níor cheart feidhm a bheith aici ach amháin ***don*** tréimhse ***dár*** tús an ***... [****2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm* ***na Treorach seo],*** lena n-áirítear maidir le caidrimh chonarthacha a rinneadh roimh an dáta sin agus atá fós ar siúl ar an dáta sin. Níor cheart measúnú a dhéanamh, dá bhrí sin, ar éilimh a bhaineann le caidreamh fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann roimh an dáta sin agus ar na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as sin go dtí an dáta sin ach amháin ar bhonn dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme roimh an dáta sin***, lena n-áirítear Treoir (AE) 2019/1152***.

*(34)* An caidreamh idir an duine a dhéanann obair ardáin agus ardán saothair digiteach d'fhéadfaí nach gcomhlíonfadh sé na ceanglais maidir le caidreamh fostaíochta i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sa Bhallstát ábhartha agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh**.** Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir an toimhde dhlíthiúil a fhrisnéis, trína chruthú ar bhonn an tsainmhínithe sin**,** nach caidreamh fostaíochta é an caidreamh atá i gceist. ***Tá forléargas iomlán ag*** ardáin dhigiteacha ***saothair*** ar na gnéithe fíorasacha uile lena gcinntear ***cineál dlíthiúil an chaidrimh***, go háirithe na halgartaim trína mbainistíonn siad a n-oibríochtaí. ***Dá bhrí sin, ba*** cheart ***an dualgas cruthúnais*** a bheith ***ar ardáin saothair digiteacha*** i ***gcás ina n-áitíonn siad nach caidreamh fostaíochta é an caidreamh conarthach atá i gceist.*** Má dhéantar an toimhde dhlíthiúil in imeachtaí ***breithiúnacha nó*** riaracháin a fhrisnéis go rathúil, níor cheart go gcuirfí bac ar an toimhde dhlíthiúil a chur i bhfeidhm in imeachtaí breithiúnacha ***nó in achomhairc ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta.***

***(35) Tá sé fíor-riachtanach an toimhde dhlíthiúil a chur chun feidhme go héifeachtach trí chreat de bhearta tacaíochta chun deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a áirithiú do na páirtithe uile lena mbaineann. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin faisnéis chuimsitheach a scaipeadh ar an bpobal, treoir a fhorbairt le moltaí nithiúla agus praiticiúla d'ardáin saothair dhigiteacha, do dhaoine a dhéanann obair ardáin, do na comhpháirtithe sóisialta agus d'údaráis náisiúnta inniúla agus rialuithe agus cigireachtaí éifeachtacha a sholáthar, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí spriocanna a bhunú le haghaidh rialuithe agus cigireachtaí den sórt sin.***

*(36) Le bearta den sórt sin, ba cheart tacú leis an bhfionnadh maidir leis an gceist an ann do chaidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sa Bhallstát i dtrácht agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh, lena n-áirítear, más iomchuí, aicmiú duine a dhéanann obair ardáin mar fhíor-fhéinfhostaithe a dheimhniú. Chun é a chur ar chumas na n-údarás sin a gcúraimí a chur i gcrích maidir le forálacha na Treorach seo a fhorfheidhmiú, agus aird ar leith á tabhairt ar inniúlacht na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir le soláthar foirne na n-údarás náisiúnta, ní mór foireann leordhóthanach a bheith acu. Chuige sin, ní mór acmhainní daonna leordhóthanacha a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta inniúla a bhfuil na scileanna is gá agus an rochtain is gá acu ar oiliúint iomchuí agus saineolas teicniúil a bheith ar fáil i réimse an bhainistithe de réir algartam. Le Coinbhinsiún EIS Uimh. 81 maidir le Cigireacht Saothair (1947), foráiltear do thásca maidir le conas líon leordhóthanach cigirí saothair a chinneadh chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla cinneadh ó údarás náisiúnta inniúil as a n-eascraíonn athrú ar stádas fostaíochta duine a dhéanann obair ardáin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le rialuithe agus cigireachtaí a bhfuil sé beartaithe acu a dhéanamh.***

*(37) Ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát obair i gcomhar lena chéile, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise, dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta agus faoin gcleachtas náisiúnta, chun a áirithiú go ndéanfar stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh.***

*(38)* ***Cé go leagtar síos le Rialachán*** (AE) 2016/679 an creat ginearálta maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil, is gá rialacha ***sonracha*** a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ***trí bhíthin córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe*** i gcomhthéacs obair ardáin. ***Foráiltear cheana féin le hAirteagal 88 de Rialachán (AE) 2016/679 go bhféadfaidh na Ballstáit, de réir an dlí nó trí bhíthin comhaontuithe comhchoiteanna, foráil a dhéanamh do rialacha níos sonraí chun*** cosaint na gceart agus na saoirsí a áirithiú i ***leith próiseáil*** sonraí pearsanta fostaithe ***i gcomhthéacs na fostaíochta. Déantar foráil sa Treoir seo maidir le coimircí níos sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta trí bhíthin córais uathoibrithe i gcomhthéacs obair ardáin, agus ar an gcaoi sin foráil a dhéanamh maidir le leibhéal níos airde cosanta sonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin. Go háirithe, bunaítear leis an Treoir seo rialacha níos sonraí i ndáil le Rialachán (AE) 2016/679 a mhéid a bhaineann le húsáid agus trédhearcacht maidir le cinnteoireacht uathoibrithe. Bunaítear leis an Treoir seo freisin bearta breise i ndáil le Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhthéacs obair ardáin chun cosaint sonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin a choimirciú, go háirithe i gcás ina ndéantar cinntí nó ina dtacaítear leo trí*** phróiseáil ***uathoibrithe sonraí pearsanta***. Ba cheart téarmaí a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta sa Treoir seo a thuiscint i bhfianaise na sainmhínithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679.

*(39) Ceanglaítear le hAirteagail 5, 6 agus 9 de Rialachán (AE) 2016/679 go ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach. Tugtar le tuiscint leis sin srianta áirithe ar an gcaoi ina bhfuil ardáin saothair dhigiteacha in ann sonraí pearsanta a phróiseáil trí bhíthin córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe. Mar sin féin, i gcás áirithe na hoibre ardáin, ní féidir glacadh leis go bhfuil toiliú na ndaoine a dhéanann obair ardáin tugtha dá ndeoin i dtaobh próiseáil a sonraí pearsanta. Is minic nach mbíonn an rogha iarbhír ag daoine a dhéanann obair ardáin nó nach bhfuil siad in ann toiliú a dhiúltú nó a tharraingt siar gan dochar dá gcaidreamh conarthach, i bhfianaise éagothroime na cumhachta idir an duine a dhéanann obair ardáin agus an t-ardán saothair digiteach. Dá bhrí sin, níor cheart d'ardáin saothair dhigiteacha sonraí pearsanta daoine a dhéanann obair ardáin a phróiseáil ar an mbonn go bhfuil toiliú tugtha ag an duine sin i dtaobh phróiseáil a shonraí pearsanta.*

*(40) Níor cheart d'ardáin saothair dhigiteacha, trí bhíthin córais faireacháin uathoibrithe nó aon chóras uathoibrithe a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh nó chun tacú le cinntí a dhéanann difear do dhaoine a dhéanann obair ardáin, aon sonraí pearsanta a phróiseáil maidir le staid mhothúchánach nó shíceolaíoch na ndaoine a dhéanann obair ardáin, aon sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil lena gcomhráite príobháideacha, aon sonraí pearsanta a bhailiú fad nach bhfuil obair ardáin á tairiscint nó á déanamh ag na daoine a dhéanann obair ardáin, aon sonraí pearsanta a phróiseáil chun feidhmiú na gceart bunúsach a thuar, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais, an ceart chun cómhargála agus chun gníomhaíochta comhchoitinne nó an ceart chun faisnéise agus comhairliúcháin, mar a shainítear sa Chairt, nó sonraí pearsanta a phróiseáil chun bunadh ciníoch nó eitneach, stádas imirce, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, míchumas, staid sláinte, lena n-áirítear stádas galar ainsealach nó VEID, an stát mothúchánach nó síceolaíoch, ballraíocht i gceardchumann, saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine, a chur in iúl.*

*(41) Níor cheart d'ardáin saothair dhigiteacha próiseáil a dhéanamh ar shonraí bithmhéadracha daoine a dhéanann obair ardáin chun críche sainaithint a dhéanamh, eadhon céannacht duine a bhunú trína shonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le sonraí bithmhéadracha roinnt daoine aonair atá stóráilte i mbunachar sonraí (sainaithint amháin as an iliomad). Ní dhéanann sé sin difear don bhféidearthacht atá ag na hardáin saothair dhigiteacha fíorú bithmhéadrach a dhéanamh, eadhon céannacht duine a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir a shonraí bithmhéadracha agus sonraí a sholáthair an duine céanna roimhe sin (fíorú nó fíordheimhniú duine le duine), i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta mar sin dleathach faoi Rialachán (AE) 2016/679 nó faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus faoi dhlí náisiúnta ábhartha eile.*

*(42) Is éard atá i gceist le sonraí bithmhéadrachtbhunaithe sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil ar leith agus a bhaineann le gnéithe, comharthaí nó saintréithe fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, ar nós gothaí gnúise, gluaiseachtaí, minicíocht bíogtha, guth, eochairbhuillí nó siúl, ar sonraí iad a d'fhéadfadh sainaithint duine nádúrtha a cheadú nó a dheimhniú, nó a mhalairt.*

*(43) Agus próiseáil sonraí pearsanta trí chórais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe á déanamh ag ardáin saothair dhigiteacha tá gach seans ann go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine a dhéanann obair ardáin dá dheasca. Dá bhrí sin, ba cheart d'ardáin saothair dhigiteacha measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh i gcónaí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679. Agus na héifeachtaí a bhíonn ag cinntí a dhéanann córais chinnteoireachta uathoibrithe ar dhaoine a dhéanann obair ardáin, go háirithe oibrithe ardáin á gcur san áireamh, bunaítear leis an Treoir seo rialacha níos sonraí maidir le dul i gcomhairle le daoine a dhéanann obair ardáin agus lena n-ionadaithe i gcomhthéacs measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí.*

*(44)* ***Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart ardáin saothair dhigiteacha*** a bheith faoi réir oibleagáidí trédhearcachta ***agus faisnéise*** i ndáil le córais faireacháin uathoibrithe agus córais uathoibrithe a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh nó chun tacú ***leo, ar*** cinntí ***iad*** a ***dhéanann difear do dhaoine a dhéanann obair ardáin***, lena n-áirítear ***dálaí oibre oibrithe ardáin, amhail a n-earcú, a*** rochtain ***ar shannacháin*** oibre, a dtuilleamh, a sábháilteacht ***agus a sláinte***, a n-am oibre, a rochtain ar oiliúint, a n-ardú céime ***nó a choibhéis,*** agus a stádas ***conarthach***, lena n-áirítear a gcuntas a shrianadh, a ***fhionraí nó a fhoirceannadh.*** Ba cheart a shonrú freisin cén cineál faisnéise atá le cur ar fáil do dhaoine a dhéanann obair ardáin maidir leis na córais uathoibrithe sin agus maidir leis an bhfoirm inar cheart í a chur ar fáil agus cathain ba cheart í a chur ar fáil. ***Ba cheart d'oibrithe ardáin aonair an fhaisnéis sin a fháil i bhfoirm ghonta, shimplí agus intuigthe, a mhéid a dhéanann na córais agus a ngnéithe difear díreach dóibh agus, i gcás inarb infheidhme, dá ndálaí oibre, ionas go gcuirfear ar an eolas go héifeachtach iad. Ba cheart an ceart a bheith acu freisin faisnéis chuimsitheach agus mhionsonraithe a iarraidh faoi na córais ábhartha uile. Ba cheart*** faisnéis ***chuimsitheach agus mhionsonraithe i ndáil lena leithéid de chórais*** uathoibrithe a chur ar fáil freisin d'ionadaithe na ndaoine a dhéanann obair ardáin agus ***chomh maith leis sin*** do na húdaráis náisiúnta ***inniúla arna*** iarraidh ***sin dóibh***, chun cur ar a gcumas a bhfeidhmeanna a fheidhmiú.

*(45)* ***Anuas ar an gceart chun iniomparthacht sonraí pearsanta a chuir an t-ábhar sonraí ar fáil do rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart an ceart a bheith ag daoine a dhéanann obair ardáin aon sonraí pearsanta a fháil, gan bhac agus i bhformáid struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín, a ghintear trína gcuid oibre i gcomhthéacs córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe ardáin saothair dhigitigh, lena n-áirítear rátálacha agus athbhreithnithe, chun iad a tharchur nó le go dtarchuirfí iad chuig tríú páirtí, lena n-áirítear ardán saothair digiteach eile. Ba cheart d'ardáin saothair dhigiteacha uirlisí a sholáthar do dhaoine a dhéanann obair ardáin chun iniomparthacht éifeachtach sonraí atá saor in aisce a éascú chun a gcearta faoin Treoir seo agus faoi Rialachán (AE) 2016/679 a fheidhmiú.***

***(46)*** ***I gcásanna áirithe, ní chuireann ardáin saothair dhigiteacha deireadh go foirmiúil lena gcaidreamh le duine a dhéanann obair ardáin, ach cuireann siad srian ar chuntas an duine a dhéanann obair ardáin. Is éard a thuigfear ó shrian a chur ar an gcuntas aon teorann a fhorchuirtear ar cumas an duine sin obair ardáin a dhéanamh tríd an gcuntas, lena n-áirítear srian a chur leis an rochtain ar an gcuntas nó leis an rochtain ar shannacháin oibre.***

***(47***) Baineann ardáin dhigiteacha saothair úsáid fhorleathan as córais faireacháin uathoibrithe ***nó córais*** chinnteoireachta uathoibrithe chun ***daoine a dhéanann obair ardáin*** a bhainistiú. Is féidir le faireachán trí ***mheán leictreonach*** a bheith cunórach agus***, le*** cinntí a dhéanann ***nó a dtacaíonn*** córais ***mar*** sin ***leo, fearacht na gcinntí sin a bhaineann le cúraimí a thairiscint nó a shannadh, an tuilleamh, a sábháilteacht agus a sláinte, a n-am oibre, a rochtain*** ar ***oiliúint, ardú céime dóibh nó a stádas laistigh den eagraíocht agus an stádas conarthach, go ndéantar difear díreach do*** na daoine a dhéanann obair ardáin***, ar daoine iad a bhféadfadh sé*** nach mbeadh teagmháil dhíreach acu le bainisteoir nó maoirseoir daonna. ***Dá bhrí sin, ba*** cheart ***do na hardáin*** saothair dhigiteacha ***formhaoirseacht dhaonna a áirithiú*** agus meastóireacht a dhéanamh ***go rialta, in aon chás gach 2 bhliain,*** ar ***thionchar*** cinntí aonair a ***dhéantar nó a fhaigheann tacaíocht ó chórais*** faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe ***lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ar a ndálaí oibre agus ar chóir chomhionann ag an obair. Ba cheart baint a bheith ag ionadaithe na n-oibrithe leis an bpróiseas meastóireachta.*** Ba cheart d'ardáin saothair dhigiteacha acmhainní leordhóthanacha daonna a áirithiú chun críoch formhaoirseacht agus meastóireacht den sórt sin. ***Na daoine a leagann an t-ardán saothair digiteach de chúram orthu an fheidhm formhaoirseachta a dhéanamh, ba cheart*** an inniúlacht, an oiliúint agus an t-údarás is gá ***a bheith acu*** chun an fheidhm sin a fheidhmiú agus ***go háirithe an ceart cinntí uathoibrithe a shárú. Ba*** cheart iad a chosaint ar dhífhostú ar bhearta araíonachta nó ar chóir dhíobhálach eile ***as a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go rachadh ardáin saothair dhigiteacha i ngleic leis na heasnaimh chórasacha maidir le húsáid córas faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe. Dá bhrí sin, nuair a shainaithnítear ó ghníomhaíochtaí na formhaoirseachta go bhfuil ardriosca idirdhealaithe ag an obair, nó sárú ar chearta na ndaoine a dhéanann obair ardáin, ba cheart d'ardáin***

***saothair dhigiteacha bearta iomchuí a dhéanamh chun déileáil leo, lena n-áirítear gur féidir deireadh a chur leis na córais sin***.

*(48)* Le Rialachán (AE) 2016/679 ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí bearta oiriúnacha a chur chun feidhme chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú i gcásanna ina bhfuil an duine sin faoi réir cinntí atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin. Ceanglaítear leis an bhforáil sin ar a laghad go mbeidh an ceart ag an ábhar sonraí idirghabháil ó dhuine a fháil thar ceann an ***rialaitheora chun a dhearcadh a chur in iúl agus agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679, i gcomhthéacs an bhainistithe algartamaigh agus i bhfianaise an tionchair thromchúisigh ar dhaoine a dhéanann obair ardáin a bhíonn ag cinntí maidir lena gcaidreamh conarthach nó a gcuntas, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, nó aon chinneadh lena ngabhann díobháil choibhéiseach, ba cheart duine daonna cinntí den sórt sin a dhéanamh i gcónaí.***

***(49) Sa bhreis ar cheanglais Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhthéacs an bhainistithe algartamaigh in obair ardáin, ba cheart an ceart a bheith ag daoine a dhéanann obair ardáin míniú a fháil, gan moill mhíchuí, ón ardán saothair digiteach ar chinneadh, ar easpa cinnidh nó ar shraith cinntí arna ndéanamh nó arna dtacú ag córais chinnteoireachta uathoibrithe***.

Chun na críche sin, ba cheart don ardán saothair digiteach an fhéidearthacht a thabhairt do dhaoine a dhéanann obair ardáin na fíorais, na himthosca agus na cúiseanna atá leis na cinntí a phlé agus a shoiléiriú le duine teagmhála daonna san ardán saothair digiteach. Ina theannta sin, ***is dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha ag cinntí áirithe ar dhaoine a dhéanann obair ardáin, go háirithe ar an méid is féidir leo a thuilleamh. Maidir le cinntí chun cuntas*** duine a dhéanann obair ardáin a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, ***diúltú d'íocaíocht as obair a dhéanann an duine sin, nó cinntí a dhéanann difear do ghnéithe bunriachtanacha an chaidrimh chonarthaigh, ba cheart don ardán saothair digiteach ráiteas i scríbhinn faoi na cúiseanna atá le cinntí den sórt sin*** a ***sholáthar don duine*** a dhéanann ***obair ardáin, a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí ar an dáta a*** mbeidh ***éifeacht*** ag cinntí den sórt sin. I gcás nach bhfuil an míniú nó na cúiseanna arna soláthar sásúil nó i gcás ina measann daoine a dhéanann obair ardáin go ***sáraíonn cinneadh*** a gcearta, ba cheart an ceart a bheith acu freisin a iarraidh ar an ardán saothair digiteach athbhreithniú a

dhéanamh ar an gcinneadh agus freagra cuí-***réasúnaithe a fháil gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de dhá sheachtain ó fuarthas an iarraidh.***

***I gcás ina sáraíonn na cinntí sin cearta na ndaoine sin, amhail a gcearta saothair, a gceart chun neamh-idirdhealaithe nó an ceart chun a sonraí pearsanta a chosaint, ba cheart don ardán digiteach saothair na cinntí sin a cheartú gan moill mhíchuí nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart dó cúiteamh leordhóthanach a sholáthar as an damáiste a rinneadh, agus na bearta is gá a dhéanamh chun cinntí comhchosúla a sheachaint amach anseo, lena n-áirítear, más iomchuí, modhnú ar úsáid an chórais cinnteoireachta uathoibrithe ábhartha nó gan é a úsáid a thuilleadh. Maidir le hathbhreithniú daonna ar chinntí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha sonracha Rialachán (AE) 2019/1150 i leith úsáideoirí gnó.***

***(50***)  Le Treoir 89/391/CEE ón gComhairle[13] tugtar isteach bearta chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar fhostóirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair***, agus leagtar síos leis prionsabail ghinearálta maidir le cosc nach mór d'fhostóirí a chur chun feidhme. D'fhéadfadh*** tionchar suntasach a bheith ag córais faireacháin uathoibrithe agus córais ***chinnteoireachta*** uathoibrithe ar ***shábháilteacht agus ar*** shláinte fhisiciúil agus ***mheabhrach oibrithe*** ardáin***. Géaraíonn an treo algartamach, an mheastóireacht agus an smacht ar an iarracht oibre trí fhaireachán a mhéadú, an luas a theastaíonn ó oibrithe a ardú, bearnaí sa sreabhadh oibre a íoslaghdú, agus gníomhaíocht oibre a leathnú amach ón áit oibre agus ó uaireanta oibre traidisiúnta. De dheasca úsáid na gcóras faireacháin uathoibrithe agus na gcóras cinnteoireachta uathoibrithe, is é sin úsáid na n-algartam neamh-thrédhearcach, an diansaothrú oibre agus an neamhdheimhneacht oibre, is beag deis a bheith ag an lucht saothair a bheith ag foghlaim ag an obair nó tionchar a bheith acu ar a gcúraimí agus is dócha go gcuirfidh an méid sin leis an strus agus leis an imní orthu. Dá bhrí sin***, ba cheart ***d'ardáin*** saothair dhigiteacha na rioscaí sin a mheas***, measúnú a dhéanamh*** an bhfuil coimircí na gcóras iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus bearta coisctheacha agus cosanta iomchuí a dhéanamh. ***Ba cheart dóibh a sheachaint go mbeadh brú míchuí ar oibrithe nó go gcuirfí a sláinte i mbaol mar thoradh ar na córais sin a úsáid. Chun éifeachtacht na bhforálacha sin a neartú, ba cheart don ardán saothair***

[13] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

***digiteach a meastóireacht riosca agus a measúnú ar na bearta maolaitheacha a chur ar fáil d'oibrithe ardáin, dá n-ionadaithe agus do na húdaráis inniúla.***

*(51)* ***Bíonn daoine a dhéanann obair ardáin, go háirithe in obair ardáin ar an láthair, neamhchosanta ar bhaol foréigin agus ciaptha, gan ionad oibre fisiciúil a bheith acu ina bhfuil siad in ann gearáin a dhéanamh. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an gciapadh agus ag an ngnéaschiapadh ar shláinte agus ar shábháilteacht oibrithe ardáin. Ba cheart do na Ballstáit, mar sin, foráil a dhéanamh maidir le bearta coisctheacha, lena n-áirítear bealaí tuairiscithe éifeachtacha a bhunú. Moltar do na Ballstáit freisin tacú le bearta éifeachtacha chun foréigean agus ciapadh san obair ardáin a chomhrac agus, go háirithe, bealaí tuairiscithe iomchuí a áireamh do dhaoine a dhéanann obair ardáin agus ar daoine iad nach bhfuil caidreamh fostaíochta acu.***

*(52)* ***Is den ríthábhacht é faisnéis*** a chur ar ***fáil agus comhairliúchán a dhéanamh le hionadaithe na n-oibrithe, arna rialú ar leibhéal an Aontais de bhun Threoir 2002/14/CE, chun idirphlé sóisialta éifeachtach a chothú.*** Nuair a thugtar isteach nó ***nuair a*** dhéantar athruithe ***suntasacha*** ar an úsáid a bhaineann ardáin saothair dhigiteacha as córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe bíonn tionchar díreach aige sin ar eagrú ***na hoibre*** agus ar dhálaí oibre aonair na n-oibrithe ardáin***, agus mar gheall air sin ní mór*** bearta breise ***a dhéanamh*** chun a áirithiú go gcuirfidh ardáin saothair dhigiteacha ***ionadaithe*** oibrithe ardáin ar an eolas agus go rachaidh siad i gcomhairle leo ***go héifeachtach***, ar an leibhéal iomchuí***, sula ndéantar na cinntí sin. I bhfianaise chastacht*** theicniúil na gcóras bainistithe algartamach***, ba cheart faisnéis a thabhairt in am trátha chun a chur ar chumas ionadaithe oibrithe ardáin ullmhú le haghaidh comhairliúcháin, agus cúnamh*** á ***fháil acu*** ó shaineolaí ***arna roghnú ag na hoibrithe*** ardáin nó a n-ionadaithe ar bhealach comhbheartaithe i gcás inar gá***. Ní dhéanann an Treoir seo difear do na bearta faisnéise agus comhairliúcháin dá bhforáiltear i dTreoir 2002/14/CE.***

*(53)* ***I gcás nach bhfuil ionadaithe ag oibrithe, ba cheart an t-ardán saothair digiteach a bheith in ann na hoibrithe féin a chur ar an eolas go díreach faoi tabhairt isteach nó athrú substaintiúil ar úsáid córas faireacháin uathoibrithe agus córas cinnteoireachta uathoibrithe.***

*(54)* ***Is daoine féinfhostaithe iad*** roinnt de na ***daoine*** a dhéanann obair ardáin***.*** An tionchar a bhíonn ag córais faireacháin uathoibrithe ***agus*** córais chinnteoireachta uathoibrithe a úsáideann ardáin saothair dhigiteacha ar ***chosaint sonraí pearsanta*** agus ***deiseanna*** tuillimh ***daoine féinfhostaithe, tá an*** tionchar ***comhchosúil leis an tionchar*** ar oibrithe ardáin. Dá bhrí sin, na cearta a leagtar síos ***sa*** Treoir seo a bhaineann le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs bainistiú algartamach, eadhon iad siúd a bhaineann le trédhearcacht i ndáil le córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe, srianta ar shonraí pearsanta a phróiseáil nó a bhailiú, faireachán agus athbhreithniú daonna ar chinntí suntasacha, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le daoine a dhéanann obair ardáin nach bhfuil caidreamh fostaíochta acu. Na cearta a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, faisnéis a thabhairt d'oibrithe ardáin nó dá n-ionadaithe agus dul i gcomhairle leo, ar cearta iad a bhaineann go sonrach le hoibrithe de bhun dhlí an Aontais, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le daoine a dhéanann obair ardáin agus ar daoine iad nach bhfuil caidreamh fostaíochta acu. Cuireann Rialachán (AE) 2019/1150 coimircí ar fáil maidir le cothroime agus trédhearcacht do dhaoine féinfhostaithe a dhéanann obair ardáin, ar choinníoll go meastar gur úsáideoirí gnó iad de réir bhrí an Rialacháin sin. ***Maidir leis an athbhreithniú daonna*** ar ***chinntí suntasacha***, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha sonracha Rialachán (AE) 2019/1150 ***i leith úsáideoirí*** gnó.

(*55)* ***Tá feidhm ag oibleagáidí na n-ardán saothair digiteach, lena n-áirítear maidir le faisnéis agus comhairliúchán i leith córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe, gan beann ar cé acu is ardán saothair digiteach féin a bhainistíonn córais den sórt sin nó is soláthraí seirbhíse seachtrach a dhéanann próiseáil sonraí thar ceann an ardáin saothair dhigitigh.***

***(56)*** ***Chun gur féidir leis na húdaráis inniúla náisiúnta*** a áirithiú go gcomhlíonann ardáin saothair dhigiteacha reachtaíocht agus rialacháin saothair, go háirithe má tá siad bunaithe i mBallstát seachas sa Bhallstát ina ndéanann an oibrí ardáin an obair nó i dtríú tír, ba cheart d'ardáin saothair dhigiteacha an obair a dhéanann oibrithe ardáin a dhearbhú d'údaráis inniúla ***an Bhallstáit ina ndéantar an obair. Is den ríthábhacht freisin é gur ann do chóras córasach trédhearcach chun faisnéis a sholáthar, lena n-áirítear ar an leibhéal trasteorann, chun iomaíocht mhíchothrom idir ardáin saothair dhigiteacha a chosc. Maidir leis an oibleagáid i ndáil le hobair ardáin a dhéanann oibrithe ardáin a dhearbhú de bhun na Treorach seo, níor cheart é a chur in ionad na n-oibleagáidí maidir le dearbhuithe nó fógraí a thabhairt arna mbunú le gníomhartha dlí de chuid an Aontais.***

***(57)*** ***Rannchuidíonn an tÚdarás Eorpach Saothair, arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais, éascaíonn sé go háirithe an comhar agus an malartú faisnéise idir na Ballstáit d'fhonn dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach comhsheasmhach éifeachtúil éifeachtach, comhordaíonn sé cigireachtaí comhbheartaithe comhpháirteacha agus tacaíonn sé leo, déanann sé anailísí agus measúnú riosca ar shaincheisteanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair agus tacaíonn sé leis na Ballstáit dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Dá bhrí sin, bíonn ról tábhachtach aige agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí trasteorann a dhéanann roinnt mhaith ardáin saothair dhigiteacha chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe in obair ardáin.***

***(58)*** ***An fhaisnéis maidir leis an obair ardáin arna déanamh ag daoine a dhéanann obair trí ardáin saothair dhigiteacha, maidir le líon na ndaoine sin, maidir lena*** stádas conarthach nó fostaíochta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta is infheidhme do na caidrimh chonarthacha sin, tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach chun tacú le ***húdaráis*** ábhartha eile chun stádas ceart fostaíochta na ndaoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh agus chun a áirithiú

---

[14] Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (***IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).***

go gcomhlíonfar na hoibleagáidí dlíthiúla chomh maith le hionadaithe ***na ndaoine a dhéanann obair*** ardáin i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna ionadaíocha. Ba cheart an ceart a bheith ag na húdaráis agus ag na hionadaithe sin freisin soiléiriú agus mionsonraí breise a iarraidh ar ardáin saothair dhigiteacha ***maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil***.

***(59)*** ***Tá fianaise ann i roinnt Ballstát go mbíonn obair neamhdhearbhaithe á déanamh in ardáin seachadta. Is trí fhéiniúlachtaí ar cíos a dhéantar sin, is é sin daoine a bhfuil an ceart acu obair a dhéanamh, cláraíonn siad ar an ardán saothair digiteach agus ligeann siad a gcuntais amach ar cíos d'imircigh gan doiciméid nó do mhionaoisigh. Fágann sé sin gur lú an chosaint a bhíonn ag na daoine sin, lena n-áirítear daoine is náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, ar minic a tharlaíonn sé go dteorannaítear a rochtain ar an gceartas cionn is go mbíonn eagla orthu go ndéanfaí frithbheart orthu nó go ndéanfaí iad a dhíbirt. I dTreoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] déantar foráil maidir le caighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach. Leis na hoibleagáidí trédhearcachta agus na rialacha maidir le hidirghabhálaithe a leagtar síos sa Treoir seo, in éineacht le Treoir 2009/52/CE, rannchuidítear go mór chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hoibre neamhdhearbhaithe san obair ardáin. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheoidh ardáin saothair dhigiteacha go bhfíoraítear céannachtaí na ndaoine a dhéanann obair ardáin.***

(***60***) Tá córas cuimsitheach forálacha forfheidhmiúcháin forbartha don ***acquis sóisialta*** san Aontas, ar cheart gnéithe de a chur i bhfeidhm maidir leis an Treoir seo chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag oibrithe ardáin ar phróiseas réitigh díospóidí ***tráthúil*** éifeachtach neamhchlaonta agus ceart chun sásaimh acu, cúiteamh ***leordhóthanach as an damáiste a rinneadh*** san áireamh. Go sonrach, ag féachaint do chineál bunúsach an chirt cosaint dlí éifeachtach a fháil, ba cheart leanúint den chosaint sin a thabhairt do dhaoine a dhéanann obair ardáin fiú agus deireadh tagtha leis an gcaidreamh fostaíochta nó le caidreamh conarthach eile as ***ar tháinig aon sárú a líomhnaíodh a bheith déanta*** ar chearta faoin Treoir seo.

(***61***) Ba cheart d'ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin a bheith in ann***, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus an cleachtas náisiúnta,*** ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine amháin nó ar roinnt daoine a dhéanann obair ardáin in aon ***nósanna*** imeachta breithiúnach nó riaracháin chun aon cheann de na cearta nó na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú. Bealach

---

**15** Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeáin do smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24).

chun imeachtaí a éascú is ea éilimh a thionscnamh thar ceann roinnt oibrithe a dhéanann obair ardáin nó tacaíocht a thabhairt dóibh nach ndéanfaí murach sin de bharr bacainní nós imeachta agus airgeadais nó mar gheall ar eagla go ndéanfaí íospairt.

***(62***) Saintréith den obair ardáin is ea ***nach mbíonn ionad*** oibre ***coitianta ann*** inar féidir le ***daoine a dhéanann obair ardáin*** aithne a chur ar a chéile agus cumarsáid a dhéanamh le chéile agus lena n-ionadaithe, d'fhonn a leasanna a chosaint i ndáil leis an ***ardán saothair dhigitigh*** freisin. Is gá dá bhrí sin, bealaí cumarsáide digiteacha a chruthú, i gcomhréir le heagrú oibre na n-ardán saothair digiteach, inar féidir le daoine a dhéanann obair ardáin ***cumarsáid a dhéanamh go príobháideach slán*** le chéile agus inar féidir lena n-ionadaithe teagmháil a dhéanamh leo. Ba cheart d'ardáin saothair dhigiteacha na bealaí cumarsáide sin a chruthú laistigh dá mbonneagar digiteach nó trí mhodhanna éifeachtacha ar an gcuma chéanna agus cosaint sonraí pearsanta á hurramú ag an am céanna agus staonadh ó rochtain a fháil ar na teachtaireachtaí sin nó faireachán a dhéanamh orthu.

***(63)*** ***In imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo,*** leis na heilimintí a bhaineann le heagrú na hoibre, fágtar gur féidir an stádas ceart fostaíochta a chinneadh, agus go háirithe ***cé acu a stiúrann nó a rialaíonn*** an t-ardán saothair digiteach eilimintí áirithe d'fheidhmiú na hoibre, ***chomh maith le heilimintí eile maidir le húsáid córas faireacháin uathoibrithe agus córas cinnteoireachta uathoibrithe,*** a d'fhéadfadh a bheith i seilbh an ardáin saothair dhigitigh agus ***gan*** rochtain éasca ***orthu a bheith ag na*** daoine a dhéanann obair ardáin ***ná*** ag údaráis inniúlachta. Ba cheart mar sin na cúirteanna náisiúnta nó na húdaráis inniúla ***a bheith*** in ann ordú a thabhairt don ardán saothair digiteach aon fhianaise ábhartha atá faoina rialú a nochtadh lena n-áirítear faisnéis rúnda, faoi réir bearta éifeachtacha chun faisnéis den sórt sin a chosaint.

*(64*)	Ós rud é go ndéantar foráil ***sa*** Treoir seo ***do rialacha níos sonraí agus rialacha breise*** maidir le ***Rialachán (AE) 2016/679*** i gcomhthéacs obair ardáin chun ***cosaint sonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin*** a áirithiú, ba cheart ***do*** na húdaráis mhaoirseachta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 a bheith inniúil chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoimircí sin. Ba cheart feidhm a bheith ag ***creat nós imeachta Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe*** Caibidlí VI, VII agus VIII de***, maidir le rialacha níos sonraí agus rialacha breise na Treorach seo*** a fhorfheidhmiú, go háirithe ***i dtaca le sásraí maoirseachta,*** comhair agus ***comhsheasmhachta***, leigheasanna, dliteanas agus pionóis, lena n-áirítear an inniúlacht fíneálacha riaracháin a ***fhorchur*** suas leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 83(5) den Rialachán sin.

(***654)***	***Baineann*** córais faireacháin uathoibrithe ***agus*** córais chinnteoireachta uathoibrithe a úsáidtear i gcomhthéacs obair ardáin le próiseáil sonraí pearsanta ***na ndaoine a dhéanann obair ardáin, agus déanann siad difear do*** dhálaí oibre agus ***do*** chearta ***na n-oibrithe ardáin, rud a tharraingíonn anuas*** saincheisteanna maidir leis an dlí ***i ndáil le cosaint*** sonraí***, agus i ndáil le réimsí*** dlí ***eile, amhail*** dlí ***an tsaothair.*** Ba cheart ***d'údaráis*** mhaoirseachta um chosaint sonraí agus ***d'údaráis inniúla eile dá réir sin*** comhoibriú***, lena n-áirítear ar an leibhéal trasteorann,*** chun an Treoir seo a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú, gan ***difear a dhéanamh*** do neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta um chosaint sonraí.

***(66)***	***Chun éifeachtacht na cosanta dá bhforáiltear sa Treoir seo a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach daoine a dhéanann obair ardáin, a fheidhmíonn a gcearta faoi seach dá bhforáiltear sa Treoir seo, a chosaint ar dhífhostú, nó ar fhoirceannadh a gconartha, agus ar aon ghníomh a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige, lena n-áirítear an cuntas a chur ar fionraí.***

***(67)*** Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir ***dúbailte*** na Treorach seo, eadhon dálaí oibre a fheabhsú san obair ardáin ***agus sonraí pearsanta a chosaint***, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr gur gá comhcheanglais íosta a bhunú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 ***CAE.*** I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(***68***) Leis an Treoir seo, leagtar síos ceanglais íosta, sa chaoi nach ndéantar aon athrú ar shaincheart na mBallstát forálacha atá níos fabhraí a thabhairt isteach agus a choinneáil do dhaoine a dhéanann obair ardáin. Ba cheart feidhm fós ***a bheith*** ag cearta a fuarthas faoin gcreat reachtúil atá ann cheana***, lena n-áirítear maidir le sásraí chun a fháil amach an ann do chaidreamh fostaíochta***, mura dtugtar forálacha níos fabhraí isteach leis an Treoir seo. Ní féidir cur chun feidhme na Treorach seo a úsáid chun maolú ar na cearta atá ann cheana féin agus a leagtar amach i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta atá ann cheana sa réimse seo, ná ní fhéadfaidh sé a bheith mar fhorais bhailí chun leibhéal ginearálta na cosanta sa réimse a chumhdaítear sa Treoir seo***, ná na sainchumais a thugtar cheana féin d'ionadaithe na n-oibrithe,*** a laghdú.

***(69) Tá neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta le hurramú. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheadú do na comhpháirtithe sóisialta, faoi choinníollacha sonracha, comhaontuithe comhchoiteanna atá éagsúil le forálacha áirithe na Treorach seo a choinneáil, a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú, agus cosaint fhoriomlán oibrithe ardáin á hurramú ag an am céanna.***

***(70***) I gcur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó shrianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla ***neamhriachtanacha*** a fhorchur ar bhealach lena gcuirfí bac ar bhunú agus ar fhorbairt fiontar beaga agus meánmhéide ***(FBManna). Dá bhrí sin, tugtar cuireadh*** do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a mbearta trasuite ar ***FBManna d'fhonn*** a áirithiú nach ***mbeidh éifeacht dhíréireach aige orthu***, agus aird faoi leith ***á tabhairt*** ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin.

***(71)*** Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cur chun feidhme na Treorach seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás ina n-iarrann na comhpháirtithe sóisialta go comhpháirteach é sin a dhéanamh agus ar choinníoll go ndéanann na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh siad na torthaí arna lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí. Ba cheart dóibh freisin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, bearta leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go héifeachtach agus chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a fheabhsú d'fhonn an Treoir seo a chur chun feidhme.

(***72***) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[16]**,** ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(***73***) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus d'fhoilsigh an Maoirseoir barúlacha foirmiúla an ***2 Feabhra 2022***,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

**16** IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

**17** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

# CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

## Airteagal 1

## Ábhar agus raon feidhme

1. Is é cuspóir ***na Treorach*** seo ***dálaí*** oibre ***agus cosaint sonraí pearsanta in obair ardáin a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

   ***(a)*** ***bearta a thabhairt isteach chun cinneadh maidir le stádas ceart fostaíochta*** na ndaoine a dhéanann obair ardáin ***a éascú;***

   ***(b)*** trédhearcacht, ***cothroime, maoirseacht dhaonna, sábháilteacht agus cuntasacht a chur chun cinn i mbainistiú*** algartamach ***san obair*** ardáin***;*** agus

   ***(c)*** ***feabhas*** a chur ar thrédhearcacht ***a mhéid a bhaineann le hobair*** ardáin, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann.

2. Leis an Treoir seo leagtar síos na cearta íosta a bhfuil feidhm acu maidir le gach duine a dhéanann obair ardáin san Aontas  a bhfuil, nó, ar bhonn measúnú ar na fíoras, a mheastar go bhfuil, conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta aige nó aici, mar a shainítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstát, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.

   ***Leagtar*** síos ***leis an*** Treoir seo ***freisin rialacha chun feabhas a chur ar chosaint*** daoine nádúrtha i ***ndáil*** le próiseáil ***a*** sonraí pearsanta ***trí bhearta a sholáthar*** maidir le ***bainistiú algartamach is infheidhme maidir le daoine*** a dhéanann obair ardáin san Aontas***, lena n-áirítear iad siúd*** nach bhfuil conradh fostaíochta ná caidreamh fostaíochta acu.

3. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le hardáin saothair dhigiteacha lena n-eagraítear obair ardáin a dhéantar san Aontas, gan beann ar a n-áit bhunaíochta nó ar an dlí is infheidhme ar shlí eile.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'ardán saothair digiteach' duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís lena gcomhlíontar gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) go soláthraítear cuid di ar a laghad go cianda trí mhodhanna leictreonacha, ***mar shampla*** trí bhíthin suíomh gréasáin nó feidhmchlár móibíleach;

(b) go soláthraítear é arna iarraidh sin d'fhaighteoir na seirbhíse;

(c) go ***bhfuil*** eagrú na hoibre a dhéanann daoine aonair ***ar íocaíocht mar chuid di, cuid fhíor-riachtanach a bhfuil gá léi,*** gan beann ar an obair sin ***a bheith á déanamh*** ar líne nó i suíomh áirithe;

***(d) go mbaineann córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe léi;***

(2) ciallaíonn 'obair ardáin' obair a eagraítear trí ardán digiteach saothair agus a dhéanann duine aonair san Aontas ar bhonn caidreamh conarthach idir an t-ardán digiteach saothair ***nó idirghabhálaí*** agus an duine aonair, gan beann ar chaidreamh conarthach a bheith ann idir an duine aonair ***nó idirghabhálaí*** agus faighteoir na seirbhíse;

(3) ciallaíonn 'duine a dhéanann obair ardáin' duine aonair a dhéanann obair ardáin, gan beann ar ***chineál*** an chaidrimh ***chonarthaigh ná ainmniú an chaidrimh sin ag*** na páirtithe lena mbaineann;

(4) ciallaíonn 'oibrí ardáin' aon duine a dhéanann obair ardáin a bhfuil nó a mheastar go bhfuil conradh fostaíochta aige nó aici mar a shainítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh;

(5) ciallaíonn '***idirghabhálaí' duine nádúrtha*** nó ***dlítheanach a dhéanann an méid a leanas chun obair ardáin a chur ar fáil d'ardán saothair digiteach nó trí ardán saothair digiteach:***

***(a) caidreamh conarthach a bhunú leis an ardán saothair digiteach sin agus caidreamh conarthach a bhunú leis an duine a dhéanann obair ardáin; nó***

***(b) a dhéanann fochonradh i slabhra idir an t-ardán saothair digiteach sin agus an duine a dhéanann obair ardáin;***

***(6) ciallaíonn '***ionadaithe ***oibrithe' ionadaithe oibrithe ardáin, mar shampla ceardchumainn agus ionadaithe arna dtoghadh ag na hoibrithe ardáin faoi shaoirse, i gcomhréir*** leis an dlí náisiúnta ***agus leis an gcleachtas*** náisiúnta;

***(7) ciallaíonn 'ionadaithe na ndaoine a dhéanann obair ardáin' ionadaithe oibrithe agus, a mhéid a fhoráiltear sa dlí náisiúnta agus faoin gcleachtas náisiúnta, ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin nach oibrithe ardáin iad;***

***(8) ciallaíonn 'córais faireacháin uathoibrithe' córais a úsáidtear le haghaidh nó chun tacú le faireachán, maoirseacht nó meastóireacht a dhéanamh, trí mhodhanna leictreonacha, ar fheidhmíocht oibre na ndaoine a dhéanann obair ardáin nó ar na gníomhaíochtaí a dhéantar laistigh den timpeallacht oibre, lena n-áirítear trí shonraí pearsanta a bhailiú;***

***(9) ciallaíonn 'córais chinnteoireachta uathoibrithe' córais a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh nó chun tacú leo, trí mhodhanna leictreonacha, ar cinntí iad a mbíonn tionchar suntasach orthu ar dhálaí oibre daoine a dhéanann obair ardáin, lena n-áirítear dálaí oibre na n-oibrithe ardáin, go háirithe cinntí a dhéanann difear dá n-earcú, a rochtain ar shannacháin oibre agus eagrúchán na sannacháin oibre, a dtuilleamh lena n-áirítear praghsáil na sannacháin aonair, a sábháilteacht agus a sláinte, a n-am oibre, a rochtain ar oiliúint, a n-arduithe céime nó a gcoibhéis, agus a stádas conarthach, lena n-áirítear a gcuntas a shrianadh, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh.***

2. ***Ní chuimseofar sa*** sainmhíniú ar 'ardán saothair dhigitigh' a leagtar síos i bpointe 1 de mhír 1 soláthraithe seirbhíse arb é a ***príomhchuspóir*** sócmhainní a shaothrú nó a roinnt ***nó ardáin trínar féidir le daoine aonair nach gairmithe iad earraí a athdhíol.***

***Airteagal 3***

***Idirghabhálaithe***

***Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú, i gcás ina mbaineann ardán saothair digiteach úsáid as idirghabhálaithe, go mbeidh an leibhéal céanna cosanta de bhun na Treorach seo ag daoine a dhéanann obair ardáin a bhfuil caidreamh conarthach acu le hidirghabhálaí agus atá ag daoine a bhfuil caidreamh conarthach díreach acu le hardán saothair digiteach. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit bearta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, chun sásraí iomchuí a bhunú, lena n-áireofar, i gcás inarb iomchuí, córais dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh.***

## CAIBIDIL II

## STÁDAS FOSTAÍOCHTA

### Airteagal *4*

### Stádas ceart fostaíochta a chinneadh

1. Beidh nósanna imeachta ***éifeachtacha*** iomchuí i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhíorú agus a áirithiú go ndéantar stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh, d’fhonn a fháil amach an ann do chaidreamh fostaíochta mar a shainítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstát, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh, ***lena n-áirítear tríd an toimhde dhlíthiúil a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 5 gur ann do chaidreamh fostaíochta***.

2. An fionnadh maidir le caidreamh fostaíochta a bheith ann, beidh sé á threorú go príomha ag na fíorais a bhaineann le feidhmiú iarbhír na hoibre, ***lena n-áirítear*** úsáid ***córas faireacháin uathoibrithe nó córas cinnteoireachta uathoibrithe*** in eagrú na hoibre ardáin, gan beann ar aicmiú an chaidrimh in aon socrú conarthach a d’fhéadfadh a bheith comhaontaithe idir na páirtithe lena mbaineann.

***3.*** Má shuitear gurb ann do chaidreamh fostaíochta, sainaithneofar go soiléir, i gcomhréir leis na córais dlí náisiúnta, an páirtí ***nó na páirtithe*** atá freagrach as oibleagáidí an fhostóra.

Airteagal ***5***

Toimhde dhlíthiúil

1. An caidreamh conarthach idir ardán saothair digiteach agus duine a dhéanann obair ardáin tríd an ardán sin, toimhdeofar ó thaobh an dlí de gur caidreamh fostaíochta ***é i gcás ina n-aimsítear fíorais lena léirítear treorú agus, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna nó cleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh. I gcás ina bhféachann an t-ardán saothair digiteach leis an toimhde dhlíthiúil a fhrisnéis, is faoin ardán saothair digiteach a bheidh sé a chruthú nach caidreamh fostaíochta é an caidreamh conarthach atá i gceist mar a shainítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.***

***2.*** Chun críocha mhír 1, bunóidh na Ballstáit ***toimhde dhlíthiúil éifeachtach infhrisnéise maidir le caidreamh fostaíochta arb ionann é agus éascú nós imeachta chun tairbhe daoine a dhéanann obair ardáin. Thairis sin, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh sé d'éifeacht ag an toimhde dhlíthiúil sin ualach na gceanglas a mhéadú ar dhaoine a dhéanann obair ardáin nó ar a n-ionadaithe, in imeachtaí chun a stádas ceart fostaíochta a chinneadh***.

***3.*** Beidh feidhm ag an toimhde dhlíthiúil ***dá bhforáiltear san Airteagal seo i ngach imeacht*** riaracháin ***nó breithiúnach*** ábhartha ***i gcás ina bhfuil cinneadh*** maidir le ***stádas ceart fostaíochta*** an duine a dhéanann obair ardáin ***i gceist.***

***Ní bheidh feidhm ag an toimhde dhlíthiúil maidir le himeachtaí a bhaineann le cúrsaí cánach, coiriúla nó leasa shóisialaigh. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit an toimhde dhlíthiúil a chur i bhfeidhm in imeachtaí den sórt sin faoi réim an dlí náisiúnta.***

4. ***Beidh sé de cheart ag daoine a dhéanann obair ardáin agus, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, ag a n-ionadaithe, na himeachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 a thionscnamh chun stádas ceart fostaíochta an duine a dhéanann obair ardáin a chinneadh.***

5. ***I gcás ina measann údarás náisiúnta inniúil go bhféadfaí duine a dhéanann obair ardáin a aicmiú go mícheart, tionscnóidh sé gníomhaíochtaí nó imeachtaí iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, chun stádas ceart fostaíochta an duine sin a chinneadh.***

6. ***Maidir leis na caidrimh chonarthacha ar cuireadh tús leo roimh an dáta agus atá*** ar ***bun ar ... [dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ní bheidh feidhm ag*** an toimhde dhlíthiúil dá ***bhforáiltear san Airteagal seo ach maidir leis an tréimhse dar tús an dáta sin.***

***Airteagal 6***

***Creat de bhearta tacaíochta***

***Bunóidh na Ballstáit creat de bhearta tacaíochta chun cur chun feidhme éifeachtach na toimhdean dlíthiúla agus comhlíonadh na toimhdean sin a áirithiú. Déanfaidh siad na nithe seo a leanas go háirithe:***

***(a)*** treoir ***iomchuí*** a fhorbairt***, lena n-áirítear i bhfoirm moltaí nithiúla praiticiúla,*** d'ardáin saothair dhigiteacha, ionas go mbeidh daoine a dhéanann obair ardáin agus ***comhpháirtithe*** sóisialta in ann an toimhde dhlíthiúil a thuiscint agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na nósanna imeachta lena ***frisnéis***;

(***b)*** treoir a fhorbairt ***agus nósanna imeachta iomchuí a bhunú d'údaráis naisiúnta inniúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas, lena n-áirítear maidir leis an gcomhar idir údaráis náisiúnta inniúla,*** chun ***na hardáin*** saothair dhigiteacha ***a shainaithint, chun díriú orthu agus dul sa tóir orthu, ar ardáin iad nach gcomhlíonann na rialacha maidir le stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh*** ;

*(c) foráil a dhéanamh maidir le rialuithe agus cigireachtaí éifeachtacha arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta inniúla, i gcomhréir leis an dlí nócleachtas náisiúnta, agus go háirithe, foráil a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, maidir le rialuithe agus cigireachtaí ar ardáin saothair dhigiteacha shonracha i gcás inar d'fhionn údarás náisiúnta inniúil gurb ann do chaidreamh fostaíochta idir ardán den sórt sin agus duine a dhéanann obair ardáin, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil na rialuithe agus na cigireachtaí sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach*

*(d) foráil a dhéanamh maidir le hoiliúint iomchuí d'údaráis náisiúnta inniúla agus foráil a dhéanamh maidir le saineolas teicniúil a bheith ar fáil i réimse an bhainistithe algartamaigh, chun cur ar chumas údarás den sórt sin na cúraimí dá dtagraítear faoi phointe (b) a dhéanamh.*

## CAIBIDIL III

## BAINISTIÚ ALGARTAMACH

### Airteagal *7*

***Teorainneacha leis an bpróiseáil sonraí pearsanta trí chórais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe***

***1. Ní dhéanfaidh ardáin saothair dhigiteacha an méid seo a leanas, trí chórais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe:***

***(a) aon sonraí pearsanta maidir le staid mhothúchánach nó shíceolaíoch duine a dhéanann obair ardáin a phróiseáil;***

***(b) aon sonraí pearsanta a bhaineann le comhráite príobháideacha a phróiseáil, lena n-áirítear malartuithe le daoine eile a dhéanann obair ardáin agus ionadaithe na ndaoine a dhéanann obair ardáin;***

***(c) aon sonraí pearsanta daoine a dhéanann obair ardáin a bhailiú nuair nach bhfuil obair ardáin á tairiscint nó á déanamh ag an duine sin;***

***(d) sonraí pearsanta a phróiseáil chun feidhmiú na gceart bunúsach a thuar, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais, an ceart chun cómhargála agus gníomhaíochta nó an ceart chun faisnéise agus comhairliúcháin mar a leagtar síos sa Chairt;***

***(e) aon sonraí pearsanta a phróiseáil chun bunadh ciníoch nó eitneach, stádas imirce, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, míchumas, staid sláinte, lena n-áirítear galar ainsealach nó stádas VEID, an stát mothúchánach nó síceolaíoch, ballraíocht i gceardchumann, saol gnéis nó gnéaschlaonadh a chur in iúl;***

***(f)*** ***aon sonraí bithmhéadracha a bhaineann le duine a dhéanann obair ardáin, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (14), de Rialachán (AE) 2016/679, a phróiseáil chun céannacht an duine sin a shuí trí na sonraí sin a chur i gcomparáid le sonraí bithmhéadracha stóráilte daoine nádúrtha i mbunachar sonraí.***

2. *Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gach duine a dhéanann obair ardáin ó thús an nós imeachta earcaíochta nó roghnúcháin.*

3. *Sa bhreis ar chórais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe, beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin i gcás ina mbaineann ardáin saothair dhigiteacha úsáid as córais uathoibrithe lena ndéantar nó lena dtacaítear le cinntí a dhéanann difear do dhaoine a dhéanann obair ardáin ar bhealach ar bith.*

*Airteagal 8*

*Measúnú tionchair ar chosaint sonraí*

1. *An phróiseáil a dhéanann ardán saothair digiteach ar shonraí pearsanta trí bhíthin córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe, is cineál próiseála é ar dócha go mbeadh ardriosca ag gabháil léi do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de réir bhrí Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Agus measúnú á dhéanamh, de bhun na forála sin, ar thionchar na próiseála ar shonraí pearsanta ag córais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe ar chosaint sonraí pearsanta daoine a dhéanann obair ardáin, lena n-áirítear na teorainneacha ar phróiseáil de bhun Airteagal 7 den Treoir seo, lorgóidh ardáin saothair dhigiteacha, ag gníomhú dóibh mar rialaitheoirí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/679, tuairimí daoine a dhéanann obair ardáin agus a n-ionadaithe.*

2. *Cuirfidh ardáin saothair dhigiteacha an measúnú ar fáil dá dtagraítear i mír 1 d'ionadaithe na n-oibrithe.*

*Airteagal 9*

Trédhearcacht maidir le córais faireacháin uathoibrithe ***nó córais*** chinnteoireachta uathoibrithe

1. ***Cuirfidh*** na Ballstáit ***de cheangal*** ar ardáin saothair dhigiteacha ***daoine a dhéanann obair ardáin, ionadaithe na n-***oibrithe ardáin ***agus, arna iarraidh sin, údaráis náisiúnta inniúla,*** a

chur ar an eolas ***faoi úsáid córas faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe.***

Bainfidh an fhaisnéis ***sin*** leis an méid seo a leanas:

***(a***) maidir le córais faireacháin uathoibrithe:

(i) go bhfuil ***na*** córais sin á n-úsáid cheana nó go bhfuiltear á dtabhairt isteach;

(ii) ***na*** catagóirí ***sonraí agus gníomhaíochtaí*** a ndéanann córais den chineál sin faireachán, maoirseacht nó meastóireacht orthu, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanann faighteoir na seirbhíse;

***(iii) aidhm an fhaireacháin agus conas a dhéanfaidh an córas é;***

***(iv) faighteoirí nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag na córais sin agus aon tarchur nó aistriú ar na sonraí pearsanta sin, lena n-áirítear laistigh de ghrúpa gnóthas;***

***(b***) maidir le córais chinnteoireachta uathoibrithe:

(i) go bhfuil ***na*** córais sin á n-úsáid cheana nó go bhfuiltear á dtabhairt isteach;

(ii) catagóirí na gcinntí a dhéanann ***na*** córais sin nó a dtacaíonn na córais sin leo;

(iii) ***catagóirí na sonraí agus*** na príomhpharaiméadair a chuireann ***na*** córais sin san áireamh agus tábhacht choibhneasta na bpríomhpharaiméadar sin sa chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear an bealach a mbíonn tionchar ag sonraí pearsanta nó iompar an ***duine a dhéanann obair*** ardáin ar na cinntí sin;

(iv) forais na gcinntí maidir le cuntas an ***duine a dhéanann obair*** ardáin a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, le diúltú íoc as obair a dhéanann an ***duine sin, chomh maith*** le ***cinntí maidir lena*** stádas conarthach***,*** nó le haon chinneadh a bhfuil ***an éifeacht chéanna nó éifeacht dhíobhálach aige***.

(c) ***gach cineál catagóirí cinnidh a dhéanann nó a fhaigheann tacaíocht ó chórais chinnteoireachta uathoibrithe a dhéanann difear do dhaoine a dhéanann obair ardáin ar bhealach ar bith;***

*2.* Soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis dá dtagraítear i mír ***1 mar dhoiciméad*** i ***scríbhinn,*** a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm leictreonach. Cuirfear an fhaisnéis i láthair i bhfoirm atá trédhearcach agus intuigthe agus ar féidir rochtain a fháil uirthi go héasca, trí úsáid a bhaint as teanga shoiléir shimplí.

***3. Soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 maidir do dhaoine a dhéanann obair ardáin, maidir leis na córais agus na gnéithe dá gcuid a dhéanann difear díreach dóibh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, a ndálaí oibre:***

***(a) ar an gcéad lá oibre ar a dhéanaí;***

***(b) sula dtabharfar isteach athruithe a dhéanann difear do dhálaí oibre, d'eagrú na hoibre nó d'fhaireachán ar fheidhmíocht oibre; agus***

***(c) tráth ar bith arna iarraidh sin dóibh.***

***Arna iarraidh sin do na daoine a dhéanann obair ardáin, soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír dóibh, i bhfoirm chuimsitheach mhionsonraithe, maidir leis na córais ábhartha go léir agus na gnéithe a bhaineann leo.***

***4. Soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír d'ionadaithe na n-oibrithe i bhfoirm chuimsitheach mhionsonraithe, maidir leis na córais ábhartha uile agus na gnéithe a bhaineann leo. Soláthróidh siad faisnéis den sórt sin***

***(a) sula n-úsáidfear na córais sin,***

***(b) sula dtabharfar isteach athruithe a dhéanann difear do dhálaí oibre, d'eagrú na hoibre nó d'fhaireachán ar fheidhmíocht na hoibre; agus***

***(c) tráth ar bith arna iarraidh sin dóibh.***

***Soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír do na húdaráis náisiúnta inniúla, i bhfoirm chuimsitheach mhionsonraithe, tráth ar bith arna iarraidh sin dóibh.***

***5. Soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 do dhaoine atá ag dul faoi nós imeachta earcaíochta nó roghnúcháin. Soláthrófar an fhaisnéis sin i gcomhréir le mír 2, beidh sí gonta agus ní bhainfidh sí ach leis na córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe a úsáidtear sa nós imeachta sin, agus cuirfear ar fáil í roimh thús an nós imeachta earcaíochta nó roghnúcháin.***

***6.*** ***Na daoine a dhéanann obair ardáin, beidh sé de cheart acu iniomparthacht sonraí pearsanta a ghintear trína gcuid oibre a dhéanamh i gcomhthéacs córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe de chuid ardáin saothair dhigitigh, lena n-áirítear rátálacha agus athbhreithnithe gan dochar a dhéanamh do chearta fhaighteoir na seirbhíse faoi Rialachán (AE) 2016/679. Soláthróidh an t-ardán saothair digiteach uirlisí do dhaoine a dhéanann obair ardáin, saor in aisce, chun feidhmiú éifeachtach a gceart iniomparthachta a éascú, dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2016/679 agus sa chéad fhomhír den mhír seo. I gcás ina n-iarrann an duine a dhéanann obair ardáin amhlaidh, déanfaidh an t-ardán saothair digiteach na sonraí pearsanta sin a tharchur go díreach chuig tríú páirtí.***

Airteagal ***10***

Faireachán daonna ar chórais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh ardáin saothair dhigiteacha ***maoirseacht agus, le rannpháirtíocht ionadaithe na n-oibrithe,*** meastóireacht, go rialta***, agus i gcás ar bith gach dhá bhliain, ar thionchar cinntí aonair a dhéantar nó a fhaigheann tacaíocht ó chórais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe, ar dhaoine a dhéanann obair ardáin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ar a ndálaí oibre*** agus ***cóir chomhionann ag an obair.***

***2.*** Ceanglóidh na Ballstáit ar ardáin saothair dhigiteacha a áirithiú go mbeidh go leor acmhainní daonna ann chun ***maoirseacht agus meastóireacht éifeachtach*** a dhéanamh ar thionchar na gcinntí a dhéanann córais faireacháin uathoibrithe ***nó*** córais chinnteoireachta uathoibrithe, nó ***ar thionchar*** na gcinntí a dtacaíonn na córais sin leo***.*** Na daoine a leagann an t-ardán saothair digiteach de chúram orthu an fheidhm ***maoirseachta nó meastóireachta*** a dhéanamh, beidh an inniúlacht, an oiliúint agus an t-údarás is gá acu chun an fheidhm sin a fheidhmiú***, lena n-áirítear maidir le cinntí uathoibrithe a shárú. Beidh cosaint ag na daoine sin*** ar dhífhostú ***nó a chomhionann***, ar bhearta araíonachta agus ar chóir dhíobhálach eile ***i gcás ina bhfuil a bhfeidhmeanna a bhfeidhmiú acu***.

***3.*** ***I gcás ina sainaithnítear leis an maoirseacht nó leis an meastóireacht dá dtagraítear i mír 1 ardriosca idirdhealaithe ag an obair maidir le córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe a úsáid nó ina bhfaightear amach gur sháraigh cinntí aonair a rinneadh nó a fuair tacaíocht ó chórais faireacháin uathoibrithe agus ó chórais chinnteoireachta uathoibrithe cearta duine a dhéanann obair ardáin, déanfaidh an t-ardán saothair digiteach na bearta is gá, lena n-áirítear, más iomchuí, modhnú ar an gcóras faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe nó scor dá úsáid, chun cinntí den sórt sin a sheachaint amach anseo.***

***4.*** ***Déanfar faisnéis faoin meastóireacht de bhun mhír 1 a tharchur chuig ionadaithe oibrithe ardáin. Cuirfidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis sin ar fáil freisin do dhaoine a dhéanann obair ardáin agus do na húdaráis náisiúnta inniúla arna iarraidh sin dóibh.***

***5.*** ***Is duine daonna a dhéanfaidh aon chinneadh maidir leis an gcaidreamh conarthach nó cuntas duine a dhéanann obair ardáin nó aon chinneadh eile a dhéanann aimhleas coibhéiseach a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.***

Airteagal ***11***

***Athbhreithniú*** daonna

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag ***daoine a dhéanann obair*** ardáin míniú a fháil ó bhéal nó i scríbhinn ***gan moill mhíchuí*** ón ardán saothair digiteach maidir le haon chinneadh a dhéanann córas cinnteoireachta uathoibrithe***,*** nó le haon chinneadh lena dtacaíonn an córas sin***. Déanfar an míniú a sholáthar ar bhealach trédhearcach intuigthe, agus teanga shoiléir shimplí á húsáid. Áiritheoidh*** na Ballstáit go soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha rochtain ***do dhaoine a dhéanann obair*** ardáin ar dhuine teagmhála a ainmneoidh an t-ardán saothair digiteach chun na fíorais, na himthosca agus na cúiseanna a bhí ***leis an gcinneadh a*** phlé agus a shoiléiriú. Áiritheoidh ardáin saothair dhigiteacha go mbeidh an inniúlacht, an oiliúint agus an t-údarás is gá ag an duine ***teagmhála*** sin chun an fheidhm sin a fheidhmiú.

***Soláthróidh ardáin saothair dhigiteacha ráiteas i scríbhinn don duine*** a dhéanann ***obair ardáin maidir leis na cúiseanna atá le haon chinneadh arna dhéanamh nó arna thacú ag*** córas cinnteoireachta uathoibrithe cuntas an ***duine a dhéanann obair*** ardáin a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, ***aon chinneadh*** diúltú íoc as obair a dhéanann an ***duine a dhéanann obair*** ardáin, aon chinneadh maidir le stádas conarthach an ***duine a dhéanann obair*** ardáin***,*** aon chinneadh a bhfuil éifeachtaí ***comhchosúla aige nó aon chinneadh eile a dhéanann difear do ghnéithe bunriachtanacha na fostaíochta nó do chaidrimh chonarthacha eile, gan moill mhíchuí, ar an lá a thiocfaidh sé i bhfeidhm ar a dhéanaí.***

2. ***Daoine a dhéanann obair*** ardáin ***agus, i gcomhréir*** leis an ***dlí náisiúnta*** nó leis an ***gcleachtas náisiúnta, ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin ag gníomhú thar a gceann***, beidh sé de cheart acu ***a*** iarraidh ar an ardán saothair digiteach athbhreithniú a dhéanamh ar ***na cinntí dá dtagraítear i mír 1.*** Tabharfaidh an t-ardán saothair digiteach freagra ar aon iarraidh ***mar*** sin trí fhreagra ***atá beacht agus*** cuí-réasúnaithe ***go leordhóthanach*** a sholáthar ***gan moill míchuí*** don ***duine a dhéanann obair ardáin i bhfoirm doiciméad i scríbhinn, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm leictreonach,*** agus in aon chás***,*** laistigh de ***choicís*** tar éis ***dó*** an iarraidh a fháil.

3. I gcás ina sáraíonn an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 cearta ***duine a dhéanann obair*** ardáin, ceartóidh an t-ardán saothair digiteach an cinneadh sin gan mhoill***, agus in aon chás laistigh de choicís ó ghlacadh an cinneadh. I gcás nach*** féidir ceartú ***den sórt*** sin a dhéanamh, ***tairgfidh an t-ardán saothair digiteach*** cúiteamh ***leordhóthanach as an damáiste a rinneadh. In aon chás, déanfaidh an t-ardán saothair digiteach na bearta is gá, lena n-áirítear, más iomchuí, modhnú*** ar ***an gcóras cinnteoireachta uathoibrithe nó stop a chur lena úsáid, chun cinntí mar sin a sheachaint amach anseo***.

4. ***Ní dhéanann*** an tAirteagal seo ***difear*** do nósanna imeachta ***araíonachta agus dífhostaithe*** a leagtar síos sa dlí náisiúnta, i gcomhaontuithe comhchoiteanna agus ***i gcleachtais náisiúnta.***

***5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás daoine a dhéanann obair ardáin ar úsáideoirí gnó iad chomh maith mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán (AE) 2019/1150.***

### *Airteagal 12*

### *An tsábháilteacht agus an tsláinte*

***1. Gan dochar do Threoir 89/391/CEE ná do threoracha gaolmhara i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ag an obair, i gcás oibrithe ardáin, déanfaidh ardáin saothair dhigiteacha an méid seo a leanas:***

***(a) meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe dá sábháilteacht agus sláinte, go háirithe na rioscaí a bhaineann le timpistí a d'fhéadfadh tarlú ag an obair, rioscaí síceasóisialta agus rioscaí eirgeanamaíocha;***

(b) measúnú a dhéanamh an bhfuil cosaintí na gcóras sin iomchuí i dtaca leis na rioscaí a shainaithnítear, i bhfianaise shaintréithe sonracha na timpeallachta oibre;

(c) bearta iomchuí coisctheacha agus cosantacha a thabhairt isteach.

***2.*** ***Maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh ardáin saothair dhigiteacha go mbeidh faisnéis agus comhairliúchán éifeachtach agus rannpháirtíocht ag oibrithe ardáin agus/nó ag a n-ionadaithe i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 11 de Threoir 89/391/CEE.***

***3.*** ***Ní úsáidfidh ardáin saothair dhigiteacha córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe ar bhealach a chuirfeadh brú míchuí ar oibrithe ardáin, nó a chuirfeadh sábháilteacht agus sláinte choirp agus meabhairshláinte na n-oibrithe ardáin i mbaol ar bhealach eile.***

***4.*** ***Sa bhreis ar chórais cinnteoireachta uathoibrithe, beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin i gcás ina n-úsáideann ardáin saothair dhigiteacha córais uathoibrithe a dhéanann cinntí nó a thacaíonn le cinntí lena ndéantar difear ar aon bhealach d'oibrithe ardáin.***

***5.*** ***Chun sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe ardáin a áirithiú, lena n-áirítear i ngeall ar fhoréigean agus ciapadh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh ardáin saothair dhigiteacha bearta coisctheacha, lena n-áirítear foráil a dhéanamh maidir le bealaí tuairiscithe éifeachtacha.***

***Airteagal 13***

Faisnéis agus comhairliúchán

1. ***Tá an Treoir seo gan dochar*** do Threoir ***89/391/CEE maidir le faisnéis agus comhairliúchán agus do Threoracha*** 2002/14/CE ***nó 2009/38/CE.***

***2.*** Áiritheoidh na Ballstáit go ***gcumhdófar freisin le faisnéis agus comhairliúchán ionadaithe oibrithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (f) agus (g), de Threoir 2002/14/CE, de chuid*** ardáin saothair dhigiteacha cinntí ar dócha go ***dtabharfar*** córais faireacháin uathoibrithe ***nó*** córais chinnteoireachta uathoibrithe ***isteach mar thoradh orthu nó go ndéanfar*** athruithe ***substaintiúla*** ar úsáid na gcóras sin***. Chun críocha na míre seo, déanfar faisnéis a chur ar fáil agus comhairliúcháin le ionadaithe na n-oibrithe a chur i gcrích faoi na socruithe***

***céanna a bhaineann le cearta faisnéise agus comhairliúcháin a fheidhmiú mar a leagtar síos i dTreoir 2002/14/CE iad.***

***3.*** Féadfaidh ionadaithe na n-oibrithe ardáin tacaíocht a fháil ón saineolaí is rogha leo a mhéid is gá chun go scrúdóidh siad ábhar na faisnéise agus an chomhairliúcháin agus go ***dtiocfaidh*** siad ***ar thuairim***. I gcás ina bhfuil níos mó ná ***250*** oibrí ag ardán saothair digiteach ***sa Bhallstát lena mbaineann***, íocfaidh an t-ardán saothair digiteach as costais an tsaineolaí, ar choinníoll go bhfuil siad comhréireach. ***Féadfaidh na Ballstáit minicíocht na n-iarrataí ar shaineolaí a chinneadh, agus éifeachtacht an chúnaimh á háirithiú ag an am céanna.***

Airteagal ***14***

***Faisnéis a sholáthar d'oibrithe***

***I gcás nach bhfuil aon ionadaithe ann d'oibrithe ardáin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh ardáin saothair dhigiteacha na hoibrithe ardáin lena mbaineann ar an eolas go díreach maidir le cinntí ar dócha go dtabharfar isteach córais faireacháin uathoibrithe nó córais chinnteoireachta uathoibrithe nó go ndéanfar athruithe substaintiúla ar a n-úsáid mar gheall orthu. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil mar dhoiciméad i scríbhinn a d'fhéadfadh a bheith i bhformáid leictreonach. Déanfar é a sholáthar i bhfoirm thrédhearcach shothuigthe atá inrochtana go héasca, agus teanga shoiléir shimplí á húsáid.***

***Airteagal 15***

***Socruithe sonracha d'ionadaithe daoine***
***a dhéanann obair ardáin seachas ionadaithe oibrithe ardáin***

***Ní bheidh ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin seachas ionadaithe oibrithe in ann na cearta a thugtar d'ionadaithe na n-oibrithe faoi*** Airteagal ***8(2),*** Airteagal ***9(1) agus (4), Airteagal 10(4) agus Airteagal 11(2) a fheidhmiú ach amháin a mhéid atá siad ag gníomhú thar ceann*** daoine a dhéanann obair ardáin nach ***oibrithe ardáin iad*** maidir ***lena sonraí pearsanta a chosaint***.

## CAIBIDIL IV

## TRÉDHEARCACHT A MHÉID A BHAINEANN LE hOBAIR ARDÁIN

### Airteagal *16*

### Obair ardáin a dhearbhú

***Cuirfidh*** na Ballstáit ***de cheangal*** ar ardáin saothair dhigiteacha obair a dhéanann oibrithe ardáin a dhearbhú d'údaráis inniúla ***an Bhallstáit*** ina ndéantar an obair, i gcomhréir leis na rialacha agus ***na*** nósanna imeachta a leagtar síos i ndlí na mBallstát lena mbaineann.

***Tá an tAirteagal seo gan dochar d'oibleagáidí sonracha faoi dhlí an Aontais ar dá mbun a bhfuil obair le dearbhú do chomhlachtaí ábhartha an Bhallstáit i gcásanna trasteorann.***

### Airteagal *17*

### Rochtain ar fhaisnéis ábhartha faoi obair ardáin

1. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit go gcuirfidh ardáin saothair dhigiteacha an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ***d'údaráis inniúla agus d'ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin***:

   (a) líon na ndaoine a dhéanann obair ardáin tríd an ardán saothair digiteach lena mbaineann, ***agus sin dí-chomhiomlánaithe de réir leibhéal gníomhaíochta,*** agus a stádas conarthach nó fostaíochta;

   (b) na téarmaí agus coinníollacha ginearálta ***arna gcinneadh ag an ardán saothair digiteach agus*** is infheidhme maidir leis na caidrimh chonarthacha sin***;***

*(c)* ***meánfhad na gníomhaíochta, meánlíon uaireanta*** an ***chloig a oibríodh in aghaidh an duine agus meánioncam na ndaoine a dhéanann obair ardáin ar bhonn rialta tríd an*** ardán saothair digiteach ***lena*** mbaineann***;***

*(d)* ***na hidirghabhálaithe a bhfuil*** caidreamh conarthach ***ag an ardán saothair digiteach leo***.

*2.* ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh ardáin saothair dhigiteacha faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla maidir leis an obair a dhéanann daoine a dhéanann obair ardáin agus a stádas fostaíochta.***

*3.* ***Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1*** i dtaca le gach Ballstát ina ndéanann daoine obair ardáin tríd an ardán saothair digiteach lena mbaineann. ***Maidir le pointe (c) de mhír 1, ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin arna iarraidh sin.***

*4.* Tabharfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cothrom le dáta gach sé mhí ar a laghad agus, maidir le pointe (b) de mhír 1, gach uair a dhéanfar ***substaint*** na ***dtéarmaí*** agus na ***gcoinníollacha*** a athrú.

D'anneoin na chéad abairte, maidir le hardáin saothair dhigiteacha ar FBManna iad, lena n-áirítear micrifhiontair, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 le tabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad.

*5.* ***Maidir leis na húdaráis inniúla*** agus ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin, beidh sé de cheart acu ***a*** iarraidh ar ardáin saothair dhigiteacha soiléiriú agus sonraí breise a chur ar fáil maidir le haon ***fhaisnéis a sholáthrófar, lena n-áirítear sonraí maidir leis an gconradh fostaíochta.*** Tabharfaidh na hardáin saothair dhigiteacha freagra ar iarraidh den ***sórt*** sin trí fhreagra réasúnaithe a sholáthar ***gan moill mhíchuí***.

## CAIBIDIL V

## LEIGHEASANNA AGUS FORFHEIDHMIÚ

### Airteagal ***18***

### An ceart chun sásaimh

Gan ***dochar*** d'Airteagail 79 agus 82 de Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag daoine a dhéanann obair ardáin, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deireadh tagtha lena gcaidreamh ***fostaíochta*** nó conarthach eile, ar réiteach díospóidí ***atá tráthúil,*** éifeachtach agus neamhchlaonta ***agus*** ar ***cheart*** chun sásaimh, cúiteamh ***leordhóthanach ar an damáiste a fulaingíodh*** san áireamh, i gcás ***sáruithe ar na cearta dá gcuid*** a eascraíonn as an Treoir seo.

### Airteagal 19

### Nósanna imeachta thar ceann daoine a dhéanann obair ardáin nó chun tacú leo

Gan ***dochar*** d'Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679, ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin ***agus*** eintitis dhlíthiúla ag a bhfuil leas dlisteanach, i gcomhréir leis ***an*** dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, i gcearta na ndaoine a dhéanann obair ardáin a chosaint, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hionadaithe sin in ann dul i mbun aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin chun aon cheann de na cearta nó na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ionadaithe agus eintitis dhlíthiúla in ann gníomhú thar ceann duine ***nó*** roinnt daoine a dhéanann obair ardáin, nó gníomhú chun tacú leis ***an duine nó*** na daoine sin, ***i gcás sárú ar aon cheart nó oibleagáid a eascraíonn as an Treoir seo, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta***.

Airteagal ***20***

Cainéil chumarsáide do dhaoine a dhéanann obair ardáin

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh ardáin saothair dhigiteacha an deis ar fáil do dhaoine a dhéanann obair ardáin, trí bhíthin ***bhonneagar*** digiteach na n-ardán saothair digiteach nó trí mhodhanna éifeachtacha dá samhail, teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le chéile ***go príobháideach agus go slán***, agus an deis teagmháil a ***dhéanamh le nó teagmháil a*** bheith déanta leo ag ionadaithe daoine a dhéanann obair ardáin, agus Rialachán (AE) 2016/679 á gcomhlíonadh ag an am céanna. Ceanglóidh na Ballstáit ar ardáin saothair dhigiteacha ***éirí as*** rochtain a fháil ar na teagmhálacha agus cumarsáidí sin ***nó*** faireachán a dhéanamh orthu.

Airteagal 21

Rochtain ar fhianaise

1. In imeachtaí a bhaineann le ***forálacha*** na ***Treorach seo***, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ***na*** cúirteanna náisiúnta nó ***na húdaráis*** inniúla náisiúnta in ann ordú a thabhairt don ardán saothair digiteach aon fhianaise ábhartha atá faoina rialú a nochtadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag cúirteanna náisiúnta nochtadh fianaise ina bhfuil faisnéis rúnda a ordú i gcás ina measfaidh siad gurb ábhartha do na h***imeachtaí*** í. Áiritheoidh siad, agus nochtadh na faisnéise sin á ordú acu, go mbeidh bearta éifeachtacha ar fáil do chúirteanna náisiúnta chun an fhaisnéis sin a chosaint.

Airteagal ***22***

Cosaint ar chóir dhíobhálach nó ar iarmhairtí díobhálacha

Tabharfaidh na Ballstáit na bearta is gá isteach chun daoine a dhéanann obair ardáin, lena n-áirítear ***iad siúd arb iad a n-***ionadaithe ***iad***, a chosaint ar aon chóir dhíobhálach a dhéanann ardán saothair digiteach agus ar aon chóir dhíobhálach a thagann as iarmhairtí díobhálacha mar thoradh ar ghearán a cuireadh faoi bhráid an ardáin saothair dhigitigh nó mar thoradh ar aon imeachtaí ar cuireadh tús leo chun comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear sa Treoir seo a fhorfheidhmiú.

Airteagal ***23***

Cosaint ar dhífhostú

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar dhaoine a dhéanann obair ardáin a dhífhostú nó ar ***chonradh daoine a dhéanann obair ardáin a fhoirceannadh,*** nó ar ghníomhaíocht choibhéiseach, agus ar gach ullmhúchán lena mbaineann, ar na forais go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fheidhmiú.

2. Daoine a dhéanann obair ardáin a mheasann gur dífhostaíodh iad, ***go ndearnadh a gconradh a fhoirceannadh*** nó go raibh siad faoi réir ***aon ghníomhaíochtaí*** a raibh an éifeacht chéanna leo, ar na forais go ndearna siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fheidhmiú, féadfaidh siad ***a*** iarraidh ar an ardán saothair digiteach forais chuí-réasúnaithe leis an dífhostú, ***le foirceannadh an chonartha*** nó leis na gníomhaíochtaí coibhéiseacha, a sholáthar. Soláthróidh an t-ardán saothair digiteach na forais sin i scríbhinn ***gan moill mhíchuí***.

3. Na daoine a dhéanann obair ardáin dá dtagraítear i mír 2, nuair a dhéanann siad fíorais a shuí os comhair cúirte nó údarás nó comhlacht inniúil eile, fíorais as ar féidir a thoimhdiú ***gur tharla*** dífhostú***, foirceannadh conartha*** nó gníomhaíocht choibhéiseach ***mar sin***, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur faoin ardán saothair digiteach a bheidh sé a chruthú go raibh an dífhostú***, an foirceannadh conartha nó na gníomhaíochtaí coibhéiseacha*** bunaithe ar fhorais seachas iad sin dá dtagraítear i mír 1.

***4.*** Ní bheidh sé de cheangal ar na Ballstáit mír 3 a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí ar faoin gcúirt nó faoin údarás nó comhlacht inniúil eile atá sé fíorais an cháis a imscrúdú.

***5.*** Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le himeachtaí coiriúla, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Bhallstát.

***Airteagal 24***

Maoirseacht agus pionóis

1. An t-údarás maoirseachta nó na húdaráis mhaoirseachta atá freagrach as ***faireachán*** a ***dhéanamh ar*** chur i bhfeidhm ***Rialachán (AE) 2016/679***, beidh sé nó siad freagrach freisin as ***faireachán*** agus ***forfheidhmiú*** a ***dhéanamh ar*** chur i bhfeidhm ***Airteagal 7 go dtí 11 den Treoir seo sa mhéid is go bhfuil saincheisteanna cosanta sonraí gceist***, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i gCaibidlí VI, VII agus VIII de Rialachán (AE) 2016/679. Beidh ***feidhm ag an uasteorainn le haghaidh*** fíneálacha riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 83(5) den Rialachán sin ***maidir le sáruithe ar Airteagal 7 go dtí Airteagal 11 den Treoir seo.***

2. Na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 agus na húdaráis náisiúnta ***inniúla eile***, comhoibreoidh siad, i gcás inarb ábhartha, chun an Treoir seo a fhorfheidhmiú, faoi raon a n-inniúlachtaí faoi seach, go háirithe i gcás ina dtiocfaidh ceisteanna chun cinn maidir le tionchar na gcóras faireacháin uathoibrithe ***nó*** córais chinnteoireachta uathoibrithe ar ***dhaoine*** a dhéanann obair ardáin. Chun na críche sin, déanfaidh na húdaráis sin faisnéis ábhartha a mhalartú le chéile, lena n-áirítear faisnéis a gheofar i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe, má iarrtar é nó ar a dtionscnamh féin.

***3. Oibreoidh na húdaráis náisiúnta inniúla i gcomhar le chéile trí fhaisnéis ábhartha agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme na toimhdean dlí a mhalartú, le tacaíocht ón gCoimisiún.***

4. ***I gcás ina ndéanann daoine a dhéanann obair ardáin obair ardáin i mBallstát seachas sa Bhallstát ina bhfuil an t-ardán saothair digiteach bunaithe, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sin faisnéis a mhalartú chun críche an Treoir seo a fhorfheidhmiú.***

5. ***Gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 dá dtagraítear i mír 1, leagfaidh*** na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun fhorálacha na Treorach nó de bhun na bhforálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana maidir leis na cearta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Beidh na pionóis éifeachtach, athchomhairleach ***agus comhréireach le cineál, tromchúis agus fad shárú an ghnóthais agus le líon na n-oibrithe dá ndéanfar difear***.

6. ***I gcás sáruithe a bhaineann le hardáin saothair dhigiteacha a bheith ag diúltú rialú dlíthiúil a chomhlíonadh lena gcinntear stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le pionóis, a bhféadfadh pionóis airgeadais a bheith san áireamh leo.***

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### Airteagal ***25***

***Cómhargáil a chur chun cinn in obair ardáin***

***Déanfaidh na Ballstáit, gan dochar do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus éagsúlacht na gcleachtas náisiúnta á cur san áireamh, bearta leordhóthanacha chun ról na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn agus chun feidhmiú an chirt chun cómhargála in obair ardáin a spreagadh, lena n-áirítear bearta i ndáil le stádas ceart fostaíochta oibrithe ardáin a chinneadh agus chun feidhmiú a gceart a bhaineann le bainistiú algartamach a leagtar amach i gCaibidil III a éascú.***

### ***Airteagal 26***

Gan dul siar, agus forálacha níos fabhraí

1. Ní bheidh an Treoir seo ina ***forais bhailí*** chun an leibhéal ginearálta cosanta a thugtar cheana féin d'oibrithe ***ardáin*** laistigh de na Ballstáit a laghdú***, lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta bunaithe chun stádas ceart fostaíochta daoine a dhéanann obair ardáin a chinneadh, chomh maith leis na saincheartа reatha atá ag a n-ionadaithe***.

2. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart na mBallstát ***dlíthe, rialacháin nó*** forálacha riaracháin atá níos fabhraí d'oibrithe ardáin a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí d'oibrithe ardáin a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le cuspóirí na Treorach seo.

3. Ní dochar an Treoir seo d'aon chearta eile a thugtar do dhaoine a dhéanann obair ardáin trí ghníomhartha eile dlí an Aontais.

***Airteagal 27***

***Scaipeadh faisnéise***

***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo, mar aon leis na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana a bhaineann leis an ábhar mar a leagtar amach in Airteagal 1, lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na toimhdean dlíthiúla, a thabhairt ar aird do dhaoine a dhéanann obair ardáin agus d'ardáin saothair dhigiteacha, lena n-áirítear FBManna, agus don phobal. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an fhaisnéis sin soláthartha ar bhealach soiléir, intuigthe agus í inrochtana go héasca, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas.***

***Airteagal 28***

***Comhaontuithe comhchoiteanna agus rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil***

***Féadfaidh na Ballstáit, de réir an dlí nó trí chomhaontuithe comhchoiteanna, foráil a dhéanamh do rialacha níos sonraí chun cosaint na gceart agus na saoirsí a áirithiú i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta na ndaoine a dhéanann obair ardáin faoi Airteagail 9, 10 agus 11, de bhun Airteagal 26(1). I gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta comhaontuithe comhchoiteanna a choinneáil, a chaibidil, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú, lena ndéanfar socruithe a bhunú, agus urraim á tabhairt do chosaint fhoriomlán oibrithe ardáin ag an am céanna, maidir le hobair ardáin atá éagsúil leis na socruithe sin dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 13, agus, i gcás go gcuireann siad de chúram ar na comhpháirtithe sóisialta é a chur chun feidhme de bhun Airteagal 29(4), leo sin dá dtagraítear in Airteagal 17.***

### *Airteagal 29*

Trasuí agus cur chun feidhme

1. ***Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na*** forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm ***faoi ...*** [IO: 2 bhliain ***ó dháta theacht*** i bhfeidhm ***na Treorach seo***]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar ***na*** tagairtí sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***phríomhbhearta*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

3. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus lena gcleachtas náisiúnta, bearta leormhaithe chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go héifeachtach agus chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a fheabhsú d'fhonn an Treoir seo a chur chun feidhme.

4. Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás ina n-iarrfaidh na comhpháirtithe sóisialta é sin go comhpháirteach agus ar choinníoll go ndéanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú gur féidir leo na torthaí atá á lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí.

Airteagal ***30***

Athbhreithniú ag an gCoimisiún

Faoin **...** [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm ***na Treorach seo***], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, leis na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus leis na ***príomh-gheallsealbhóirí***, agus an tionchar ar FBManna, lena n-áirítear mhicrifhiontair, á chur san áireamh aige, cur chun feidhme na Treorach seo a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, leasuithe reachtacha a mholadh. ***Ina athbhreithniú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar thionchar úsáid na n-idirghabhálaithe ar chur chun feidhme foriomlán na Treorach seo agus ar éifeachtacht na toimhde dhlíthiúil.***

Airteagal ***31***

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal ***32***

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh i/***in/***sa...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*